
# IORRAS AITHNEACH 95

*Cuntas ar cheantar Chill Chiaráin agus Chárna*

*Cuid de*

**Foras Feasa**
**ar Iorras Aithneach**
**1990-2000**











*Foilsithe ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach*
*Mí na Nollag 1995*
Luach £1.50

Raidió na Gaeltachta

ar fud na tíre

Gach lá 0800 - 1930

92-94 agus 102.7 FM/VHF

**Fón: 091-506677**

# Eagarfhocal

Tá cúpla rud ag tarlú i míonna seo an Gheimhridh a thugann dóchas dúinn sa ngluaiseacht dheonach phobail anseo.

Tá bailchríoch á chur ar an monarcha nua i Ruisín na Mainíoch agus táthar ag súil go mbeidh daoine ag obair inti am eicínt i 1996. Tá tús curtha le scéim na dtithe ar Thalamh an tSagairt. Tá an bóthar mór (R.340) buille beag níos fearr ná a bhí sé bliain go ham seo. Sin samplaí de rudaí feiceálacha a raibh láimh againn iontu. Is údar diomú dúinn go bhfuil moill ar an nGairmscoil ach tá muid an-mhuiníneach as seasamh Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, i leith na forbartha seo. Leanann an obair ar aghaidh i dtaobh na nIonad Fiontraíochta, Teach Banaltrais agus ábhair eile.

Is léir gur obair mhall í an obair fhorbartha phobail. Ní féidir a bheith ag súil go bhfásfaidh an síol a chuirtear inniu d'aon léim amháin.

Ní mór dúinn féachaint le tuiscint cheart a bheith againn freisin ar na teorainneacha atá le obair dheonach fhorbartha phobail. Ní féidir le daoine atá ag obair go deonach a bheith ag breathnú amach do chúramaí troma ó lá go lá. Ach tá obair thábhachtach le déanamh ag gluaiseachtaí pobail sa méid agus gur féidir leo forbairt a spreagadh agus láimh chúnta a thabhairt do lucht gnó agus do lucht fiontraíochta. Is féidir leo freisin cás a bpobail a léiriú go soiléir agus go neamh-ghéilliúil d'eagrais stáit agus forbartha. Ní obair bheag í sin. Teastaíonn réimse daoine atá dílis don obair sin agus a bhfuil na scileanna forbartha sin acu.

D'éirigh linn le roinnt blianta anuas go raibh daoine againn sa bpobal seo a bhí in ann ceannaireacht a thabhairt agus stiúradh a dhéanamh ar fhorbairtí nua ag leibhéalacha éagsúla. Ní mór dúinn féachaint le daoine eile a bhfuil an cumas ceart iontu a thabhairt isteach sna gluaiseachtaí pobail – is cuma cén t-ainm nó branda atá ar na coistí. Daoine a fhanfaidh ar an stiúir go staidéarach atá ag teastáil – is beag maitheasa atá iontu siúd a thiocfaidh agus a imeoidh in aon chuaifeach amháin.

Is tráth den bhliain é seo ina gcaitear súil siar agus súil chun cinn. Tá cuid dár gcairde sa ngluaiseacht phobail imithe ar shlí na fírinne ó d'fhoilsigh muid an Iris seo cheana – is mór iad na hathruithe a tharlaíonn ar bhealaí i dtréimhse bliana. Tugann muid aghaidh ar 1996 go dóchasach ina dhiaidh sin uile. Má choinnítear leis an obair phobail beidh an saol buille beag níos fearr bliain ó inniu.

Beannachtaí na Nollag oraibh uile.

## AN CLÚDACH

Barr – ar chlé: Séamas Ó Clochartaigh, ball de chumann Charna/Caiseal ag imirt do Ghaillimh i gCraobh Mionúir Chúige Chonnacht. D'imir sé in aghaidh Dhoire i gcluiche leath-cheannais na hÉireann ar an 13/8/1995 i bPáirc an Chrócaigh.

Barr – ar dheis: An tSiúir Pius as Clochar Charna. D'éirigh sí as an múinteoireacht i 1995 ... ach choinnigh sí uirthi ag siúl. I mí na Samhna a tógadh an pictiúr seo.

Lár báire: Droichead Flannery i gCoill Sáile a chlis i rith na bliana agus a tharraing caint agus conspóidí eile freisin. Droichead Flannery ar chlé agus an cabhsa sealadach ar dheis.

Íochtar – ar chlé: An tAire Stáit i Roinn na Mara, Éamon Gilmore ar dheis ar cuairt chuig ionaid mhara in Earrach na bliana seo. Charles Jacob, Muirín Teo. ag bronnadh bosca oisrí ar an Aire anseo. Evelyn Uí Mhaoláin, saineolaí mara le Taighde Mara Teo. agus Cathaoirleach Chomhairle Pobail Iorras Aithneach, ar chlé.

Íochtar – ar dheis: Mairéad Uí Chadhain agus Mícheál Ó Cadhain as Gabhla ag ócáid cheiliúrtha a bpósta leithchéad bliain roimhe sin – 24ú Meitheamh, 1945. Tógadh an pictiúr seo ag Séipéal an Chaisil, an áit ar pósadh iad.


## Coiste na hIrise

Cathaoirleach: Máire Uí Chuinneáin
Grianghrafanna: Kiarán Ó Maoláin
I gceannas ar chomhaireamh, figiúirí fostaíochta, daonra, srl.: Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin
Fógraí: Máire Áine Uí Neachtain agus Ann Maria Ní Fhlatharta
Comhordú ginearálta: Evelyn Uí Mhaoláin agus Susan Uí Chatháin
Clóchur agus leagan amach: Sorcha Ní Chonghaile, Clódóirí Lurgan.


## Uaireanta Oifige an Chomhairle Pobail

| | |
|---|---|
| Dé Máirt agus Dé Céadaoin | 9.30-5.00 |
| Dé hAoine | 9.30-1.00 |

## Uimhreacha tábhachtacha teileafóin

| | | |
|---|---|---|
| An Dochtúr Mícheál Ó Cathasaigh | Carna | 095-32281 |
| | | 32243 |
| | | 32304 |
| | | 32305 |
| An tAthair Pádraig Audley | Carna | 095-32232 |
| An tAthair Tomás Ó Cuimín | Chill Chiaráin | 095-33403 |
| Na Gardaí | Carna | 095-32242 |
| | An Clochán | 095-21021 |
| Briogáid Dóiteáin | An Clochán | 095-21397 |
| Báid Tarrthála | An Clochán | 095-21332 |
| | Árainn | 099-61156/099-61143 |
| | An tSionainn: Ionad eagrúcháin cuardaigh aeir agus farraige | 061-474339 |


# Ó Catháin Teo.

## *BUILDEÁIL*

Gabhla

Fón: (095) 31017

***Cébí cineál obair thógála atá ar intinn agat cuir scéala chuig***

**Paddy Keane, Ó Catháin Teo.**

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna

Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht

Sreangú agus Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag: uimhir ghutháin 095-32331 agus facs 095-32532**

# Bun sheirbhísí an Phobail

## Bóithre – caithfear coinneáil leo i 1996

£250,000 a ceadaíodh don bhóthar réigiúnach, r. 340 – Cill Chiaráin-Carna-An Caiseal-An Sraith Salach – i dtús 1995. Tharla sé gur roinneadh ciste eile as an Eoraip ina dhiaidh sin agus gur tugadh £100,000 le cois don bhóthar sin.

Tá na hiarratais le haghaidh bóithre a bhfuil an stádas "regional" agus "county" acu curtha go Baile Átha Cliath anois ag Comhairle Contae na Gaillimhe do 1996. Níl iarrtha don R. 340 ach £160,000. Ní leor é sin beag ná mór. Caithfear a mheabhrú do na Comhairleoirí Contae agus do na feidhmeannaigh go gcaithfear na milliúin a chaitheamh ar an mbóthar sin, má tá ciall ar bith leis an bhfocal, forbairt.

Cheadaigh an Roinn Ealaíona, Cultúir agus Gaeltachta £21,000 do shé bhóthar sa bparóiste seo i 1995 faoi scéim na mbóithre áise ... bh'shin thart ar 25% den airgead as an gciste seo a caitheadh i nGaeltacht Chonamara. Rinne sé sin leas, ach is fada ó réiteach ar cheist na mbóithre bailte atá muid fós.

Faoi láthair, tá muid ag iarraidh ar na Comhairleoirí Contae cruinniú a shocrú le Innealtóir an Chontae le deis a thabhairt dúinn cás na mbóithre a mhíniú dó.

## Éiginnteacht faoi sheirbhís Eircell

Tá Telecom Éireann ag súil go mbeidh an crann nua cumarsáide don teileafón soghluaiste ... córas Eircell ... ag obair go luath i 1996. Beidh an córas seo ag obair ar an nasc 088 (taobh istigh den tír) agus ar an nasc idirnáisiúnta 087, rud a fhágann gur féidir ceangal a dhéanamh le tíortha ar fud na hEorpa ar an teileafón soghluaiste.

Ceapann Telecom go dtabharfaidh an crann seo in Indreabhán an córas Eircell anoir go Cill Chiaráin agus i dtreo na hAirde Móire ... agus i dtreo Charna féin. Ach stopfaidh na cnoic an ceangal i gcuid mhaith áiteacha sa bpobal. Ina dhiaidh sin féin d'fhéadfadh sé go n-éalódh an córas idir na cnoic in áiteacha. Níl na cnoic ag cuidiú linn sa gcás seo!

Beifear ag déanamh forbartha ar an tseirbhís i gceantar Uachtar Ard i 1996 agus tá Telecom ag brath ar threalamh a chur san ionad atá acu ar an gCnoc/Leitir Feoir ina dhiaidh sin. Tá an áit sin ar thaobh Shraith Salach d'Uachtar Ard agus tá sé feiceálach go maith ón mbóthar mór, ar thaobh do láimhe clé agus tú ag dul soir go hUachtar Ard.

Ceaptar go gcuirfidh an crann sin an córas siar píosa maith an bóthar mór i dtreo an Chlocháin.

Ach fágann sé muide sa bpobal seo fós gan seirbhís cheart nó go gcuirfear crann cumarsáide nó deis eile níos gaire dúinn.

## Córas ISDN le cur isteach anseo

Tá rún ag Telecom Éireann deis nua a chur sa gcóras teileafóin thart anseo faoi cheann sé mhí nó mar sin. ISDN an teideal atá ar an tseirbhis seo – *Integrated Services Digital Network.* Beidh ceantar teileafóin 095 chun tosaigh ar chuid mhaith ceantar sa bhforbairt seo. Sé an chúis atá leis sin ná go bhfuil na deiseanna digital is nua-aimsearaí feistithe anseo ó tharla gur fágadh muid ar an méir fhada nuair a bhíothas ag forbairt an chórais teileafóin!




**Tuilleadh ag teastáil**

*Comhartha i gCaladh an Chnoic ag 'spáint go dtáinig airgead as ciste speisialta le caoi a chur ar bhóithre réigiúnacha. £100,000 as an gciste seo a caitheadh ar R.340 ... ach tá go leor eile ag teastáil.*

D'fhéadfadh roinnt buntáistí a bheith ag baint leis an ISDN i dtaobh tionscail, oideachais agus cúrsaí eile. Is féidir, mar shampla, pictiúr video a chur as áit ar bith ar líne teileafóin ar an gcóras ISDN. Níl ansin ach sampla amháin den leas a d'fhéadfaí a bhaint as an tseirbhís seo agus is mór is fiú go bhfuil sé á cheangal leis an áit seo.

## Uisce as Loch Coirib?

Tá daoine sa gceann thuaidh den phobal ag meabhrú a gcás faoi sheirbhísí mí-shásúla uisce do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Críochnaíonn an soláthar as Loch an Óir i Muighros.

D'iarr Comhairle Pobail Iorras Aithneach tuairisc ón gComhairle Contae roinnt míosa ó shin i dtaobh na bpleananna atá acu leis an tseirbhís uisce a fheabhsú agus a leathnú amach chuig na bailte sa gceann thuaidh den phobal. Ní bhfuair muid aon fhreagra ar an iarratas sin fós.

Is fiú súil a choinneáil ar an toradh a bhéas ar an iarratas atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an mBruiséil ar £72 milliún le seirbhís cheart uisce a thabhairt d'iarthar Chonamara agus le seirbhísí séarachais a fheabhsú.

Dá n-éireodh leis an iarratas seo ar airgead mór, thabharfaí soláthar uisce anuas an cúrsa seo leanas ón gCoirib: an Teach Dóite – crosbhóthar Bhéal an Átha Fada - Tuaim Beola - Caiseal - Gabhla - Glinnsce - Muighros – agus ag ceangal leis an scéim atá ann cheana.

Bheadh píosa eile ag gobadh amach as an soláthar ag an Teach Dóite agus ag dul an treo seo leanas: Scríb - Ros Muc - Doire Iorrais.

Bíonn daoine aimhreasach faoi phleananna móra mar seo mar go bhfuil an tír lán le pleananna agus le páipéir. Ina dhiaidh sin féin, tuigeann muid go bhféadfadh seans a bheith ag an bplean seo. Deir foinsí

Comhairle Contae nach fada anois nó go mbeidh a fhios ar fiú a bheith ag coinneáil leis an iarracht nó nach fiú.

Os cionn £49m a chosnódh an soláthar uisce seo.

## £225,000 molta do chóras séarachais

Tá moladh san iarratas atá curtha chun na Bruiséile ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go gcaithfí £225,000 ar chóras séarachais do shráidbhaile Charna. Tuigeann muid nach bhfuil an phlean chruinn réitithe ag an gComhairle Contae fós. Cuid é an t-iarratas seo den £72m. a táthar a lorg ón mBruiséil.

## 5% d'ardú ar úsáid leictreachas chuile bhliain

Tá an t-éileamh ar leictreachais níos tréine chuile bhliain. Le roinnt blianta anuas, tá méadú 5% in aghaidh na bliana ar an úsáid atá dá bhaint as leictreachas sa tír seo. Tuairiscíonn Bord Soláthair an Leictreachais go háitiúil gurb é an cás céanna anseo é. Dá réir sin, bíonn orthu trealamh nua a fheistiú sa gcóras anois agus arís. Tá sé beartaithe ag an BSL go gcuirfear **"booster"** nua sa gcóras ar an Áird Mhóir i 1996 agus ceann eile i nGlinnsce i 1997.



**Uisce**

*An t-ionad ag foinse an uisce gar do Loch an Óir. An as an gCoirib a thiocfas an t-uisce amach anseo?*


# Comharchumann Chonamara Thiar Teo.

**Cill Chiaráin**

**Fón: 095-33436 Facs: 095-33413 Oifig Ros Muc: 091-574341**

**STÓR**

Earraí Feirme, Ábhar Tógála, Crua-Earraí

**SIOPA AN PHOBAIL**

**FORBAIRT PHOBAIL**


**SCÉIMEANNA FORBARTHA**

**EAGRAÍOCHT PHOBAIL – DON PHOBAL**

*Beannachtaí na Nollag*

# Chlis "8ú Iontas an Domhain" 45 bliain tar éis a dhéanta

*Tugtaí "8ú Iontas an Domhain" ar dhroichead Flannery i dtús na gcaogadaí. Thagadh na mic léinn innealtóireachta amach as Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, ag déanamh staidéir air. Ach i mí Aibreán, 1995, chlis droichead Flannery. D'fhógair Comhairle Contae na Gaillimhe go raibh an droichead contúirteach agus go stopfaí ualaí a bhí níos troime ná 5 thonna ó bheith ag taisteal air.*




Ghlaoigh an Coiste Turasóireachta agus an Coiste Pobail i gCill Chiaráin cruinniú mór poiblí agus chuaigh toscaireacht go Gaillimh. D'fhógair an Chomhairle Contae go mbeadh droichead sealadach curtha acu ann faoi cheann roinnt seachtainí. Bhíothas ag súil gur droichead sealadach iarainn a bheadh ann ach tógadh cabhsa nó **"causeway"** ó chladach go cladach. Dúradh go gcosnódh an droichead nua idir £600,000 agus £800,000 agus chuaigh Comhairle Contae na Gaillimhe chuig an Roinn Comhshaoil ag iarraidh an airgid.

Bhí an buntáiste leis an gcabhsa gur réitigh sé an cheist i dtaobh leoraithe troma. Bhí sé ina imní roimhe sin go ndéanfaí dochar do thionscal na feilméireachta éisc agus do thionscal na feamainne de bharr an aistir bhreise a bheadh orthu amach go dtí an Sraith Salach.

Níos deireanaí sa mbliain, foilsíodh scéala go raibh dochar déanta do sheilimidí neamhghnácha farraige a bhí sa ngob ó thuaidh den chaolsháile. Tharla seo mar nach raibh bealach suas ag an sáile de bharr an chabhsa. Deir Michael Guiry, saineolaí as Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, go mbeidh sé blianta sula dtiocfaidh na seilimidí seo agus feamainneacha neamhghnácha ar ais.

Deir Comhairle Contae na Gaillimhe gur thuig siadsan, théis dóibh comhairle a bheith faighte acu i dtús aimsire, nach ndéanfadh an cabhsa aon dochar.

Tuairiscíonn Comhairle Contae na Gaillimhe anois go bhfuil droichead nua den déanamh "Bailey" ceannaithe acu agus go mbeidh sé á fheistiú ar an gcaolsháile taobh istigh de chúpla seachtain - ag braith ar aimsir, réamhobair, srl. Tabharfaidh sé seo deis don sáile a dhul suas agus anuas faoin droichead. £124,000 atá iarrtha ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar an Roinn Comhshaoil le obair fhorbartha a dhéanamh thart ar dhroichead Flannery sa gcéad iarratas atá curtha acu go Baile Átha Cliath don bhliain 1996.



**Sé JET an t-aon chomhlacht ola a fuair an príomh-ghradam as a gcaighdeán feabhais sa tír seo.**

Siad muintir **Sweeney** a dhíolann an branda **JET** i gConamara.
Tabharfaidh Tí Sweeney seirbhís mhaith dhuit agus ní bheith aon mhoill ort.

**Tá siad éifeachtach agus tá siad suáilceach.**

Ná téigh thar dhoras Tí Sweeney, An Clochán.

*Tá muid anseo ar mhaithe leatsa.*




# Sweeney Oil Ltd.

**AN CLOCHÁN. FÓN: 095-21777**

# COIRN DO CHARNA AGUS CILL CHIARÁIN



**Coisí den scoth**


*Bhuaigh Stiofán Ó Cualáin as Dubhithir Leath-mharathon ar an gCeathrú Rua i ndeireadh 1994. Ba é Stiofán an chéad duine as Conamara a bhuaigh an rása seo. Chuir sé an cúrsa dhe i 67 nóiméad agus 51 soicind. Bhuaigh Stiofán an gradam "Sports Star of the Week" sa gConnacht Tribune mar aitheantas don bhua seo.*



**Craobh Oireachtais ag Treasa**

*Sí Treasa Ní Cheannabháin as Cill Chiaráin a bhuaigh Craobh na mBan i gcomórtais sean-nóis an Oireachtais i mBaile Átha Cliath i mbliana. Chruthaigh Treasa thar cionn uile sa méid agus go raibh sí sa dara háit freisin sa bpríomh-chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós – Comórtas Chorn Uí Riada. I mBearna atá cónaí ar Threasa anois.*

*Seo pictiúr de Threasa agus Corn Chomórtas na mBan aici.*



*Máire Áine Ní Neachtain, Rúnaí in oifig an Chomhairle Pobail.*


*Beannachtaí na Nollag dár gcuislimléaraí agus don phobal uile ó*

# J.P. MYLOTTE

Carna

**Siopa Grósaera agus Crua Earraí**
**Calor Kosangas agus Rehab Lotteries**

*Déantar socraithe sochraide*

**Fón: 095-32256**

# Nótaí ó Thadhg Ó Conghaile

*Bainisteoir Údarás na Gaeltachta i bpobal Charna/Cill Chiaráin*



**An tÚdarás ag cur béime ar acmhainní mara i gceantar Charna**

Ó bunaíodh fo-oifig de chuid an Údaráis i gCarna chúig bhliana ó shin tá éileamh maith go háitiúil ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil. Go deimhin féin bhí an bhliain 1995 ar an mbliain ba chrúógaí ó thaobh tinrimh agus freastail ar an oifig i gCarna. Bíonn fáil ar an Oifigeach Forbartha don cheantar, Tadhg Ó Conghaile, san oifig gach maidin Mháirt ó 11.30 go dtí 1.00 (fón: 095-32595).

**Monarcha Nua tógtha i gCarna**

Is cúis áthais don Údarás go bhfuil an mhonarcha nua a gealladh do phobal Charna dhá bhliain ó shin tógtha anois. Is monarcha 462 méadar cearnach í an mhonarcha seo atá déanta ar ardchaighdeán agus is cóir a rá go bhfuil slacht breá curtha ar an Eastát ag an monarcha seo. Tá an tÚdarás ag láimhseáil fiosrúchán faoi láthair chun togra a lonnú sa monarcha seo.

**Coiste Gliomaigh Chonamara Thiartheas**

Ag tús na bliana seo tháinig iascairí gliomaigh as ceantar Chill Chiaráin, Charna agus oileán Ghorumna le chéile agus chinn siad tabhairt faoi bhealach chun caomhnú a dhéanamh ar an ngliomach.

Séard atá i gceist sa scéim seo ná "v"-eang *(v notch)* a chur sa ngliomach agus é a chur ar ais sa bhfarraige. Nuair atá an "v" eang sa ngliomach tá sé i gcoinne an dlí é a thógáil ná a dhíol ina dhiaidh sin. Chuir an coiste béim ar na gliomaigh móra baineanna a bhfuil eochraí iontu a "v" eangú mar is iad is fearr i gcomhair síolraithe. Chuir an tÚdarás cúnamh deontais ar fáil agus rinne an t-oifigeach áitiúil ó Roinn na Mara, Stiofán de Búrca, an "v eangú".

D'éirigh go maith leis an scéim phíolótach don chéad bhliain agus tá breis agus 1,172 gliomach baineann agus 176 gliomach fireann a bhfuil "v eang" curtha iontu. Ba chóir go mbeadh toradh ar an obair seo sna blianta seo romhainn.

**Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.**

Tá an phlean forbartha cheithre bliana a bhí ag Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. ag teacht chun deiridh anois. D'éirigh go maith leis an obair fhorbartha a bhí ag an gComharchumann le cúpla bliain anuas, sé sin oisrí beaga a athleagan ar an beirtreacha síos an cuan, áit a raibh níos mó beatha san uisce acu agus a bhfásann siad níos fearr. Bhí séasúr maith oisrí i mbliana ann agus bhí feabhas ar an bpraghas. Tá an Comharchumann ag obair ar phlean cheithre bliana eile a chur le chéile anois.

**Muirín Teo.**

Tá Muirín Teo. ag leanacht ar aghaidh leis an obair fhorbartha ar na muiríní den tríú bliain anois. Chuir siad 500,000 muirín beag amach sa gcuan aríst i mbliana. Má éiríonn leis an bhforbairt seo cuideoidh sé go mór le iascach muiríní sna blianta seo romhainn.

**Scéimeanna Deontais**

Tá scéimeanna deontais ag an Údarás chun cúnamh a thabhairt d'iascairí agus do lucht bainte feamainne. Is féidir deontas a fháil ar churach nua, inneall thar bord agus tarraingteoir potaí. Tá coinníollacha le comhlíonadh chun na deontais seo a fháil agus is féidir breis eolais a fháil ón Údarás.

Tá an tÚdarás gníomhach i gcruthú fostaíochta agus ag caomhnú na teanga agus bíonn teagmháil rialta acu le coistí pobail sa gceantar. Tá infheistíocht mhór déanta ag an Údarás in acmhainní mara i gceantar Iorras Aithneach in imeacht na mblianta.



**Bailchríoch**

*Bainisteoir Údarás na Gaeltachta do cheantar Charna, Tadhg Ó Conghaile (fear an hata) in éineacht le Francis Mac an Rí as an Aird Thoir, taobh amuigh den réamh-mhonarcha nua ar an Eastát Tionscail i Ruisín na Mainíoch cúpla seachtain ó shin. Seo í an t-aon réamh-mhonarcha a thóg Údarás na Gaeltachta i nGaeltachtaí an Iarthair i mbliana.*

# SCÍTH ÓN SCOIL

*Tá ionann agus dhá scór bliain caite ag an tSiúir Pius Nic Anna ag múineadh i Meánscoil agus i Scoil Phobail Charna. Is as Béal Easa i gContae Mhaigh Eo ó dhúchas di agus tá sí i gCarna ó 1958.*

*Tá cáil uirthi mar mhúinteoir agus, ar ndóigh, tá cáil uirthi mar choisí freisin. Is dona é an lá nó siúilfidh an tSiúir Pius roinnt mílte ar na bóithre i gceantar Charna, ceird a chleacht sí i gcónaí.*

*Is mó ama atá aici le dhul ag siúl anois ná mar a bhíodh ó tharla gur éirigh sí as an múinteoireacht i mbliana.*

*Scríobh an tSiúir Pius Nic Anna an píosa seo do "Iorras Aithneach '95".*

"Tabhair dhom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach teo ..."

Bhí na línte seo de chuid Chaitlín Maude go láidir i mo chloigeann le gairid, le chuile réab a thug mé faoin seid atá taobh thiar den teach seo againne. Breathnaíoonn an seid céanna ceart go leor ón taobh amuigh, ach laistigh tá sé lán le chuile shórt seanrudaí - "Tír na nÓg ceart ar chúl an tí".

Bhí sé soiléir ón charn a bhí os mo chomhair nár caitheadh aon rud amach le leithchéad bliain. Bhí leabhra stróicthe ann, seanstól, seanleapa, sean-jugs, seanlampaí, sean-hoovers, soithigh briste - chuile shaghas seanrud. Thug mé fúthu le fuinneamh agus le faobhar agus níor spáráil mé tada. Ach ag breathnú ar mo dhóiteán breá dhom agus mé go mo mholadh féin as ucht chomh ciallmhar is a bhí mé, san am céanna d'airigh mé sórt aiféalach, sórt ciontach. Mar ní ar dhóiteán seanrudaí a bhí mé ag breathnú, ach ar bhileog den stair a bhí á scrios agam, stair a bhí scríofa ní hé amháin ar na seanrudaí tirme, teibí seo ach ar chroíthe agus ar anamacha daoine. B'iad seo annála na mban cróga a chónaigh i gclochar seo na trócaire le níos mó ná 100 bliain.

Ach ná cailleadh muid dóchas. Má bhí mise ag dó seanbhileog, tá bileog nua bríomhar á scríobh ag Siúracha na Trócaire na laetha seo.

Nuair a bhunaigh Catherine Mc Auley, Ord na Trócaire sa mbliain 1831 bhí saol an-difriúil ann. Bhí gairmeacha don bheatha rialta líonmhar, chomh líonmhar sin go raibh go leor tithe bunaithe taobh istigh de dheich mbliana agus chuile theach acu in ann déanamh as dó féin ó thaobh pearsan agus oibreacha. Mar sin thug an mháthair Catherine neamhspleáchas agus saoirse do na tithe seo. Bhí sé sin ciallmhar mar ní raibh sé éasca taisteal a dhéanamh na laetha sin agus bhí na bealaí cumarsáide gann freisin.



**Clochar Charna**

*Seo é an Clochar i gCarna. Tá ag bordáil ar dhá scór bliain caite ag an tSiúir Pius, scríbhneoir an phíosa seo, sa gClochar seo.*



**1965**

*Ó chlé: An tSiúr Pius, an tSiúr Áine Ní Chonchubhair a bhí i gCarna ó 1957 go dtí 1987 (tá sí ag múineadh i mBaile an Róba anois) agus an tSiúir Michael Kennedy Lydon a bhí i gCarna sna daicheadaí agus sna caogadaí. Bhí baint mhór ag an tSiúir Michael le bunú na meánscoile sna caogadaí agus ba mhór é a spéis freisin sa nGaeilge agus sa gcultúr Gaelach.*

Bhunaigh cuid de na clochair seo tithe dá gcuid féin, áit a raibh gá leo. Thug siad airgead, cothú agus cúnamh dóibh mar a thug an clochar sa Chlochán don teach seo ó bunaíodh é sa mbliain 1874 anall go dtí 1971.

Ach de réir mar a d'athraigh an saol – ó na seascaidí go mórmhór – bhí sé soiléir go raibh deireadh leis an ré seo. Bhí na tithe seo ag fáil folamh. Ní raibh aon mhná óga ag teacht aníos chun iad a líonadh. Má bhí siad ann, ní raibh siad sásta níos mó fanacht i dteach mór fairsing. Bhí siad sin ag iarraidh fód eile ar fad a threabhadh – rud a bhí ionmholta ar ndóigh. Bhí an t-am tagtha chun an scéal a mheas as an nua.


Ba é an freagra ba chiallmhaire ná tithe an oird sa tír ar fad a chomhnascadh faoi údarás láir. Mar sin ar an 14 Iúil 1994, san Ionad Náisiúnta Cispheile i mBleá Cliath bunaíodh an t-ord as an nua – Aondacht Siúracha na Trócaire na hÉireann. Bhí ina dhiaidh sin máthair ghinearálta agus comhairle chun cúrsaí an oird a stiúradh.

Socraíodh freisin go mbeadh cheithre chúige Éireannach ann agus an Afraic Theas mar cheann breise. Bhí ab-mháthair agus comhairle le bheith ag gach proibhinse acu chun cúrsaí na gceantar a riaradh. Leis an gcóras seo tá seans níos fearr ag na húdaráis seo aithne a chur ar bhuntáistí agus ar fhadhbanna a ndúthaigh féin. Beidh acmhainn an oird idir phearsain, scileanna agus mhaoin á riaradh agus á roinnt ar bhealach níos éifeachtaí. Tá deireadh á chur le cuid de ghníomhartha traidisiúnta agus le seanósanna an oird agus cinn nua tógtha ar bord. Sin é tuile agus trá an tsaoil agus is comhartha dóchais é.

Baineann an teach seo leis an gcúige iartharach. Clúdaíonn sé deoisí Thuama, Átha Chonaire, Chill Ala, Ghaillimh, Ailfinn agus Ardachadh agus Chluain Mhic Nóis. Tá tuairim is 850 bean rialta ann i 167 teach. Sí an tSr. Caitlín Ní Chonghaile as Inis Oírr, Árainn, atá i gceannas. Is bean óg chumasach í agus le cabhair agus tacaíocht a comhairle, tá siad réidh le dúshlán na haoise seo a thabhairt. Tá spiorad nua agus dóchas nua le haireachtáil agus le cúnamh Dé tá bileog úr nua eile in annála an oird á scríobh. Tá an seanteach á leagan cinnte ach tá an teach nua á thógáil –

"Sín chugam anois
na cláir is na táirní go dtóigfead
an teach eile seo ..."

*An tSr. Pius Nic Anna*



**Iar-mhicléinn i mBoston**

*An tSiúr Pius i mBoston i 1993 i gcuideachta iar-mhicléinn de chuid Phobalscoil Charna.*

# Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe.
Teil: 095-33489. Facs: 095-33489

**Forbairt Sliogéisc sna cuanta idir Ceann Gólaim agus Inis Leacain**

# ARRAMARA TEO.

Cill Chiaráin, Conamara

Teil: 095-33404/33417

Facs: 095-33494

# COMHAIRLE POBAIL IORRAS AITHNEACH, 1995

*Seo iad na baill agus na rúnaithe a thug seirbhís don Chomhairle Pobail i 1995.*

*Chríochnaigh Seosamh Ó Cuaig agus Ann Marie Uí Cheannabháin a dtréimhse leis an gComhairle i mí na Samhna. Comhthoghadh Máire Uí Loideáin, Ann Marie Ní Fhlatharta agus Mícheál Ó Maoláin san atheagrú a déanadh ar an gComhairle i mí na Samhna.*



Eibhlín Ní Mhaoláin
(Cathaoirleach)



Tomás Ó hIarnáin
(Rúnaí)



Ciarán Ó Maoláin
(Leas Chathaoirleach)



Máirtín Ó Catháin
Comhairleoir




Máire Uí Chuinneáin
(Cisteoir)



An Dochtúr
Micheál Ó Cathasaigh



An Ceannfort
Maitias Mac Donnchadha




Micheál Breathnach




Susan Uí Chatháin



Máire Uí Mhaoilchiaráin



Roibeárd P. Ó hÉilí




Seosamh Ó Cuaig



Ann Marie Uí Cheannabháin



Pádraig Ó Maoilchiaráin
R.I.P.



Gearóid Ó Cosgordha



Alison Ní Chadhain


*Ní raibh ag Pádraig Ó Maoilchiaráin ach seal an-ghearr linn i 1995. Bhásaigh sé an 25ú Eanáir. D'imigh Bláthnaid Ní Loideáin go Boston.*



Éamonn Ó Méalóid



Ciarán Mac Donnchadha



Coilín Ó Cualáin




Marie Ní Loideáin



Máire Áine Ní Neachtain



Micheál Ó Maoláin



Séamus Breathnach

**'Sí an aidhm atá ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach ná an paróiste a chur chun cinn ar bhun eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha.**


# Taibhdhearc na Gaillimhe

Amharclann Náisiúnta na Gaeilge Teo.

180 Suíochán    Seó Samhraidh

Áiseanna Cleachtaidh    Seirbhísí Riaracháin

DRÁMAÍOCHT DO GACH DUINE!

Má tá aon eolas uait faoi imeachtaí nó áiseanna na Taibhdhearca, faigh i dteangbháil linn nó buail isteach:

Taibhdhearc na Gaillimhe
An tSráid Láir, Gaillimh.
Teil: (091) 562024 (oifig); 563600 (1-6 áirithint)
Faics: (091) 563195

# Comhairle Pobail Iorras Aithneach

## Obair na Bliana – 1995

**Tithe ar Thalamh an tSagairt:** Bhí an t-uafás oibre ag baint leo seo. Bhí snaidhm chasta dlí le scaoileadh sula bhféadfaí an suíomh a thabhairt don Chomhairle Contae. Ansin bhí moill ar an gComhairle Contae féin. Ach tá an chéad chuid den scéim tosaithe – sin 6 theach. Tá cheithre cinn á gcur de leataobh do dhaoine aosta de réir an tsocraithe leis an gComhairle Contae. Táthar ag súil go leanfar de thógáil tithe ansin sna blianta atá romhainn.

**Monarcha nua:** Tá an réamh-mhonarcha nua ar an eastát tionscail i Ruisín na Mainíoch geall le bheith críochnaithe. Seo í an t-aon réamh-mhonarcha nua a thóg Údarás na Gaeltachta san iarthar i 1995. Tuigtear dúinn go bhfuil comhráití ar siúl faoi thionscal a lonnú inti. Is cosúil go bhféadfadh seisear a bheith ag obair i dtús aimsire, má éiríonn leis na comhráití.

**Gairmscoil:** Bhí muid ag súil go mbeadh dul chun cinn ar fhorbairt na Gairmscoile mar Ionad Oideachais agus Cultúir faoin am seo. Níl ... ach is údar dóchais dúinn go bhfuil Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, ag deimhniú go mbeidh an fhorbairt ann. Go deimhin d'fhógair Leasuachtarán an Choláiste, an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, aríst i bhFeabhra na bliana seo go mbeifí ag dul ar aghaidh leis an bhforbairt. Tá alt gearr faoin ábhar seo in áit eile san Iris.

**Teach Banaltrais:** Tá sé seo ar cheann de na rudaí is géire atá ag teastáil sa bparóiste. Tá an t-ábhar i lámha Choiste na nAosach anois. Ní fada go mbeidh comhráití acu le Comhairle Contae na Gaillimhe faoin suíomh atá geallta acusan gar do scéim na dtithe. Cé gur tús é an suíomh is léir go bhfuil sé an-deacair mórán dul chun cinn thairis sin a dhéanamh faoi láthair.

**Ionaid Fhiontraíochta:** Pléadh an t-ábhar seo aríst ag cruinniú le Feidhmeannaigh Údarás na Gaeltachta sna Forbacha ar an 23/10/1995. Tá dréacht-phlean do na hIonaid curtha faoi bhráid Rannóg Réigiúnach an Údaráis ag an gComhairle Pobail.

Tá muid ag iarraidh go réiteodh an tÚdarás plean iomlán agus go gcuirfí airgead de leataobh don fhorbairt seo ar an Eastát i Ruisín na Mainíoch.

Creideann muid go bhfuil sé rí-thábhachtach go mbeadh deiseanna ag daoine óga atá ag éirí aníos fostaíocht dá gcuid féin a chruthú go háitiúil. Bheadh súil againn go gcuirfeadh na hIonaid Fhiontraíochta leis na deiseanna sin.

**Garraí na nImirceach:** Moladh é seo go dtabharfadh muid ómós dóibh siúd a d'imigh san aimsir a caitheadh agus dóibh siúd atá ag imeacht i gcónaí. Táimid ag moladh go lonnófaí an "Garraí" seo ar thalamh atá ag Údarás na Gaeltachta i mbaile Charna. Tá dréacht-phlean curtha chuig an Údarás.

Táimid ag moladh freisin go mbainfí leas as an talamh sin d'áiseanna eile agus d'fhorbairt a chuirfeadh le seirbhísí agus le fostaíocht sa gceantar.



**Bleaisteáil**

*Ag réiteach d'obair bhleaisteála (ar dheis) ar shuíomh na dtithe ar Thalamh an tSagairt i gCarna. Tá sé theach le tógáil ann agus tá súil ag an gComhairle Contae go mbeidh daoine istigh iontu roimh an bhFómhar seo chugainn.*

**Bóithre:** Ceann de na hábhair is mó ar an bpaidrín. Déanadh píosa den bhóthar mór (R. 340) i mbliana agus fuair muid suas le 25% d'airgead na mbóithre áise as ciste an Roinn Ealaíona, Cultúir agus Gaeltachta do bhóithre beaga. Ach tá muid an-bhuailte i gcónaí. Tá nóta i gcuid eile den iris faoin ábhar seo. Caithfimid coinneáil orainn ag troid as éadan.

**Trá Chaladh bhFuínnse:** Níl sé ach seachtain ó chuir muid iarratas láidir eile chuig Bainisteoir an Chontae ag iarraidh go dtabharfaí stádas **"Blue Flag"** do thrá Chaladh bhFuínnse. Níl an Chomhairle Contae ag iarraidh mórán cúramaí mar seo a tharraingt orthu féin, is cosúil, ach tá muid den tuairim gur cheart stádas na brataí goirme a thabhairt do Chaladh bhFuínnse. Tá an stádas **"Designated"** ag an trá seo le cúpla bliain agus tá na torthaí ar an scrúdú uisce go maith.

**Reiligeacha:** Seo ábhar atá á tharraingt anuas ó ham go chéile. Níl na hacmhainní againn le obair ghlantacháin srl. a dhéanamh. Cuireadh feabhas ar bhóithre, claíocha agus ar gheataí cúpla bliain ó shin nuair a tharraing muid aird ar an mbail a bhí ar Mhuighros agus ar Mhuighinis. Shocraigh muid cúpla mí ó shin go gcuirfí caoi ar chuid den sconsa i Muighinis, rud a rinneadh.

**Teileafón Eircell:** Creideann muid go bhfuil an tseirbhís seo an-tábhachtach do chúrsaí gnó sa lá atá inniu ann. Tá go leor brú curtha againn faoi seo. Níl muid sásta leis an toradh, ach tá cúrsaí ag feabhsú. Tá nóta faoin ábhar seo i gcuid eile den Iris.

**Scéim Feabhsúcháin Baile:** Is fada muid ag iarraidh ar Innealtóirí an Chomhairle Contae go ndéanfaí pleananna d'obair fheabhsúcháin agus maisithe sna sráidbhailte thart anseo. Chuir muid iarratas isteach ar an Scéim Feabhsúcháin Bailte an dá luath agus a fógraíodh é i mbliana. Bhí fáilte mhór againn roimh an scéal a fuair muid i dtús mhí Lúnasa go raibh £21,600 geallta le roinnt oibre a dhéanamh i gCarna. Suim sách beag é ach tá muide agus grúpaí eile ag iarraidh ar an gComhairle Contae coinneáil leis an obair sna blianta atá romhainn.

**Scéim Obair Phobail:** Tá láimh chúnta tugtha againn do Chomharchumann Chonamara Thiar ag eagrú na scéime obair phobail atá ar siúl faoi láthair. Tá go hard os cionn scór fostaithe ar an scéim agus tugann siad láimh chúnta ag an gClochar, in Ionad na nDaoine Aosta, thart ar Theach an Phobail agus ar bhealaí go leor eile.

**Scéim Obair Shamhraidh:** Bhí muid i bpáirtíocht le Comharchumann Chonamara Thiar i mbliana ag eagrú na scéime seo. Tugann sé deis do mhic léinn tríú leibhéal roinnt céadta punt a shaothrú i rith an tSamhraidh agus obair thairbheach a dhéanamh san am céanna.

**Ar Leic an Dorais:** Cuireadh tús leis an scéim seo an Samhradh seo mar chuid den Scéim Obair Shamhraidh do mhic léinn. Bhí Caroline Ní Chuinneáin (Leitir Ard), Bríd Ní Chuinneagáin (Glinnsce) agus Áine Ní Chonghaile (an Aird Thiar) páirteach ann. Bhí siad ag bailiú na seanainmneacha a bhíodh ar gharrantaí, ar chnocáin, srl. Is fiú go mór cuntas a chur i dtaisce ar na hainmneacha seo.

**Monarcha deataithe bradán a dódh i Meitheamh, 1994:** Pléadh tógáil monarcha eile ar shuíomh na monarchan seo ag cruinniú a bhí againn in Oifigí Údarás na Gaeltachta sna Forbacha ar an 23/10/1995. Dúradh linn gurbh éigean deontais a frítheadh as Cistí an Aontais Eorpaigh a aisíoc as an gciste árachais. Ina dhiaidh sin féin, dúradh linn freisin go bhféadfaí an t-airgead seo a fháil ar ais dá mbeadh duine nó dream eicínt eile ann a chuirfeadh plean mhaith i láthair do thionscal próiseála éisc sa gceantar. D'iarr muid ar lucht an Údaráis a míle dícheall a dhéanamh le spreagadh a thabhairt do dhream eicínt a bheadh sásta bualadh faoin obair seo.

**Oifig:** Tá Oifig an Chomhairle Pobail oscailte dhá lá go leith sa tseachtain – Dé Máirt agus Dé Céadaoin agus ar maidin Dé hAoine. Seo í an uimhir teileafóin – (095) 32587. Tá meaisín freagartha ar an teileafón.


# Ionad Níocháin

## (Laundry)

An Cheathrú Rua
Teileafón: 091-595222

**Níochán Éadaí • Iarnáil • Glanadh Cairpéidí**

***Glantachán speisialta ar chairpéidí a thugann faoiseamh do lucht Asthma ar feadh 3 mhí***

**Seirbhís chuig do dhoras**

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208 Fax: 095-32504

FEILMÉIREACHT ÉISC

*An Bradán 7 An Breac Geal*

STIÚRTHÓIRÍ:
DARA BEAG Ó FLATHARTA, LIAM Ó FLATHARTA



# ACM *ROOFING*

**Carna, Conamara.**
**Fón: 095 - 32251 Facs: 095 - 32341**

***Saineolaithe ar Chúrsaí Díonta***



Tá ACM i mbun oibre le ós cionn 20 bliain i gCarna.

Tá margadh maith againn freisin in Earraí Iarainn,
Ráillí, Frámaí, Clós Ceansú Beithígh, Geataí.

**An Braon Anuas?** **Glaoigh Orainn**
**Áras gan Ceann?** **Glaoigh Orainn**
**Fráma Cruach Foirgnimh?** **Glaoigh Orainn**

# BANC NA hÉIREANN

*(Bank of Ireland)*

Clochán

Fón: (Clochán) 095-21111/21290 : Facs 095-21453.

## Seirbhísí an Bhanc Taistil

• Cuntais Taisce •
• Infheistiú Téarmúil •
• Cuntais "Golden Years" •
• Cuntais Iasachtaí Téarmúla •
• Iasachtaí Pearsanta agus Gnó/Ligean ar Léas •
• Taisce i gCumann Tógála an ICS •
• Cuntais dóibh siúd nach gcónaíonn sa tír •
• Malartú Airgid Eachtrannaigh •
• Cártaí "Access" agus "Visa" •
• Pleanáil Árachas Saoil • seirbhís saor in aisce le fáil •
• Árachas Baile •
• Chomh maith le Réimse Leathan de Sheirbhísí Eile •

### DÉ MÁIRT

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 10.10 r.n. - 10.20 r.n. |
| Ros Muc | 10.30 r.n. - 11.40 r.n. |
| Crosbhóthar Ros Muc | 11.45 r.n. - 12.30 i.n. |
| Earraí Cniotáilte | 1.30 i.n. - 1.40 i.n. |
| Tí an Mháille | 1.45 i.n. - 1.55 i.n. |
| Loch Con Aortha | 2.00 i.n. - 2.15 i.n. |
| Coill Sáile | 2.20 i.n. - 2.45 i.n. |
| An mhonarcha | 2.50 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉ CÉADAOIN

| | |
|---|---|
| Cill Chiaráin | 10.15 r.n. - 11.15 r.n. |
| Tí Kheane | 11.15 r.n. - 11.30 r.n. |
| An Aird Mhóir | 11.40 r.n. - 12.10 i.n. |
| Tí Leavy | 12.10 i.n. - 12.45 i.n. |
| Ruisín na Mainíoch | 1.45 i.n. - 2.10 i.n. |
| Carroll's | 2.15 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉARDAOIN

| | |
|---|---|
| Carna | 10.15 r.n. - 12.30 i.n. |
| | 1.30 i.n. – 3.00 i.n. |

### DÉ hAOINE

| | |
|---|---|
| An Sraith Salach | 10.00 r.n. - 10.20 r.n. |
| Caiseal | 10.30 r.n. - 10.45 r.n. |
| Tí Bhoulger | 10.50 r.n. - 11.25 r.n. |
| Tuaim Beola | 11.35 r.n. - 11.50 r.n. |
| IDA Cloch na Rón | 12.00 r.n. - 12.30 i.n. |
| Cloch na Rón | 1.30 i.n. - 3.00 i.n. |

# DAONRA AN PHOBAIL

Tógadh an cuntas seo ar dhaonra an phobail i dtús Mhí na Nollag, 1995. Tá na bailte liostáilte anseo díreach mar a bhí siad le roinnt blianta anuas i bhfoilseacháin eile.

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 73 |
| Coill Sáile | 95 |
| Loch Con Aortha | 91 |
| Cill Chiaráin (An Sráidbhaile) | 174 |
| Aill na Brún | 65 |
| Bántrach Ard | 54 |
| An Aird Mhóir | 181 |
| Caladh bhFuinnse | 94 |
| Ruisín na Mainíoch | 118 |

### MUIGH INIS

| | |
|---|---|
| Cartúr | 38 |
| Feithearnach | 67 |
| Meall Rua | 42 |
| Ruisín a' Chalaidh | 4 |
| Crumpán | 55 |

### CARNA

| | |
|---|---|
| Ón gClochar go Teach Sceirde (An tÓstán) | 101 |
| Leitir Deiscirt | 48 |
| Coillín | 39 |
| An Aird Thoir | 66 |
| An Aird Thiar | 67 |
| Más | 36 |
| Leath Mhás | 1 |
| Duibhithir | 73 |
| Muighros (agus chomh fada leis an scoil) | 86 |
| Leitir Ard, Damhros agus chomh fada le Scoil Mhuighrois | 120 |
| Glinnsce | 66 |
| Caladh an Chnoic | 10 |
| Gabhla | 40 |

**Daonra iomlán an pharóiste** ........ **1904**

*(sin 19 níos mó ná anuraidh)*

**Nóta faoin daonra:** 1818 an daonra a bhí sa bparóiste nuair a thóg muid an chéad chomhaireamh sé bliana ó shoin.

## An Daonra – Aoisghrúpaí

Mar seo atá na haoisghrúpaí roinnte amach sa gceantar:

| | |
|---|---|
| 0-4 | 7.8% |
| 5-15 | 21.95% |
| 16-44 | 33.95% |
| 45-64 | 18.73% |
| Os cionn 65 | 18.32% |

Tá líon na ndaoine os cionn 65 níos airde ná an meánfhigiúr i gcontaetha an Iarthair, sin 14% agus i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta, 11%.

Sé an claonadh is suntasaí sa daonra le deich mbliana ná go bhfuil laghdú ar líon na ndaoine sna ficheadaí agus méadú ar líon na ndaoine os cionn 65.

## An Cuntas agus an Comhaireamh

Bhí foireann an chomhairimh chomh héifeachtach céanna aríst i mbliana agus tá ár mbuíochas tuillte acu uile as ucht na hoibre seo a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana. B'iad seo foireann na bliana seo – Bairbre Uí Neachtain, Loch Con Aortha; Seosamh Ó Cuaig, Áill na Brún; Kiarán Ó Maoláin, an Aird Mhóir; Mícheál Breathnach, an Aird Mhóir; Tomás Ó hIarnáin, Ruisín na Mainíoch; Colm Ó hUaithnín, Muighinis; Ann Marie Uí Cheannabháin, Leitir Deiscirt; May Uí Laighin, an Coillín; Peige Uí Choirbín augs Seán Ó Coirbín, An Aird Thiar; Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Leitir Ard; Alison Ní Chadhain, Glinnsce agus Susan Uí Catháin, Gabhla.

Cuireann muid fáilte ar leith ar ais ar an bhfoireann seo i mblaina roimh Mhay Uí Laighin (May Lyons) as an gCoillín. Bhí sí linn chuile bhliain go dtí anuraidh nuair nár fhéad sí a bheith gníomhach de bharr droch-bhabhta tinnis.


JOYCE'S

An Sraith Salach

Fón: 091-34168

SIOPA GRÓSAERA

AGUS

STÁISIÚN PEITRIL

Cuireann muid ar fáil:
Beatha Beithíoch • Gual • Brícíní
Móna agus Gás
Postaí Adhmaid agus Wire
Gníomhairí don Chrannchur
Náisiúnta • Videonna ar Cíos

OSCAILTE
8 a.m. go dtí 7 p.m.
Dé Domhnaigh 11 a.m. go dtí 2 p.m.

# SONAS ORAIBH

*Lánúnacha a phós sa bpobal idir 31/10/1994 - 31/10/1995*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| 1. Seosamh Ó Cuaig | Coill Sáile | 12ú Lúnasa 1995 |
| Martina Nic Giolla Pádraic | Duibhithir | " |
| 2. Martin Joe Cloherty | An Aird Mhóir | 19ú Lúnasa 1995 |
| Mairéad Ní Dhomhnaill | Leitir Ard | " |
| 3. Michael Joseph Teahan | Kilgarvan, Co. Chiarraí | 26ú Lúnasa 1995 |
| Ann M. Ní Allmhuráin | Cill Chiaráin | " |
| 4. Mark Thomas Donovan | Boston, Mass. | 2ú Meán Fómhair 1995 |
| Síle Ní Mhaoilchiaráin | Muighinis | " |
| 5. John Joe Ó Flatharta | An Aird Mhóir | 30 Meán Fómhair 1995 |
| Treasa Ní Dhubháin | An Aird Mhóir | " |

# Céad Fáilte Romhaibh

*Gasúir a baisteadh sa bpobal idir 31/7/1994 agus 31/7/1995.*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Jessica Sorcha Nic Dhonnchadha | Cill Chiaráin | 31 Iúil 1994 |
| Mairéad Máire Nic Dhonnchadha | An Aird Mhóir | 17 Lúnasa 1994 |
| Murello Abbaí Proinsias de Búrca | Bántrach Ard | 14 Deireadh Fómhair 1994 |
| Natasha Ní Chuaig | Cill Chiaráin | 20 Deireadh Fómhair 1994 |
| Nicola Ní Chuaig | Cill Chiaráin | 20 Deireadh Fómhair 1994 |
| Micheál Séamas Ó Neachtain | Doire Iorrais | 16 Samhain 1994 |
| Jason Stiofán Ó Neachtain | Doire Iorrais | 16 Samhain 1994 |
| Aibhistín Máirtín Ó Curraoin | Ruisín na Mainíoch | 23 Samhain 1994 |
| Séamas Pádraic Ó Curraoin | Ruisín na Mainíoch | 23 Samhain 1994 |
| Seán Seosamh Ó Ceannabháin | An Aird Thoir | 8 Nollag 1994 |
| Máire Caitríona Ní Éinniú | Caladh bhFuinnse | 14 Nollag 1994 |
| Pádraicín Louise Nic an Rí | Cill Chiaráin | 17 Feabhra 1995 |
| Caitríona Máire Nic Dhonncha | An Aird Mhóir | 11 Feabhra 1995 |
| Angela Ní Ghaora | Feithearnach | 22 Feabhra 1995 |
| Bairbre Pádraicín Ní Ghaora | Crumpán | 15 Márta 1995 |
| Bríd Ní Ghríofa | Meall Rua | 28 Feabhra 1995 |
| Pádraig Seosamh Mac Cormaic | Muighros | 30 Márta 1995 |
| Fiona Máire Bhreathnach | An Aird Mhóir | 4 Márta 1995 |
| Seosamh Seán Ó Niaidh | Áill na Brún | 15 Bealtaine 1995 |
| Seán Seosamh Ó Clochartaigh | Leitir Deiscirt | 29 Bealtaine 1995 |
| Sorcha Nic an Rí | Muighros | 12 Bealtaine 1995 |
| Máire Eibhlín Ní Fhlatharta | Bánrach Ard | 11 Meitheamh 1995 |
| Emma Rebecca Ní Thuathail | Cill Chiaráin | |


# Gruaigeadóir Charna

**Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe. Fón: 32277**

**GRUAGAIRE FIR AGUS MNÁ**

***Uaireanta Oscailte***

5 lá na seachtaine

10.00 a.m.-6.00 p.m.

**Ann Dowd**

# I nGAIRDÍN DÉ

*Na daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 1/12/1994 - 1/12/1995.*

| AINM | SEOLADH | DÁTA |
|---|---|---|
| Tomás Mac Fhlannchadha | Cill Chiaráin | 13 Nollaig 1994 |
| Sarah Nic an Iomaire | An Aird Mhóir | 16 Eanáir 1995 |
| Pádraic Ó Maoilchiaráin | Leitir Ard | 25 Eanáir 1995 |
| Marcus de Búrca | Ruisín na Mainíoch | 30 Eanáir 1995 |
| Pádraic Mac an Rí | Feithearnach | 24 Feabhra 1995 |
| Máire Bn. Uí Phóil | Caladh bhFuínnse | 28 Feabhra 1995 |
| Úna Bn. Uí Mhaoilchiaráin | Ruisín na Mainíoch agus An Cheathrú Rua | 7 Márta 1995 |
| Peadar Ó hIarnáin | Caladh bhFuínnse | 10 Márta 1995 |
| Bairbre Ní Shúilleabháin | Doire Iorrais | 22 Feabhra 1995 |
| Áine Bn. Uí Bhriain | Loch Con Aortha | 5 Márta 1995 |
| Críostóir Mac an Iomaire | An Aird Mhóir | 7 Márta 1995 |
| Máirtín Ó Neachtain | Ruisín na Mainíoch | 12 Márta 1995 |
| Máire Bn. Uí Chatháin | Doire Iorrais | 15 Márta 1995 |
| Bríd Bn. Uí Cheannabháin | An Aird Thoir | 13 Aibreán 1995 |
| Bríd Bn. Uí Iarnáin | Ruisín na Mainíoch | 29 Aibreán 1995 |
| Seán Ó Ceallaigh | Coill Saile | 12 Aibreán 1995 |
| Bairbre Bn. Uí Loideáin | Loch Con Aortha | 13 Aibreán 1995 |
| Morgan Ó Maoilchiaráin | An Cheathrú Rua | 30 Bealtaine 1995 |
| Máirtín Mac an Rí | Muighros | 22 Meitheamh 1995 |
| Máire Bn. Uí Chathasaigh | Glinnsce | 5 Iúil 1995 |
| Festus Ó Flatharta | An Aird Mhóir | 1 Lúnasa 1995 |
| Máire Bn. Uí Shúilleabháin | Loch Con Aortha | 26 Lúnasa 1995 |
| Dara Moylan | An Aird Mhóir | 10 Meán Fómhair 1995 |
| Bríd Ní Chatháin | Gabhla | 13 Meán Fómhair 1995 |
| Julia Gorham | Leitir Ard | 5 Deireadh Fómhair 1995 |
| Pádraig Micheál Ó Conaola | Corrandulla | 6 Deireadh Fómhair 1995 |
| Bríd Bn. Mhic an Iomaire | Leitir Ard | 24 Deireadh Fómhair 1995 |
| Peige Bn. Mhic Dhonncha | An Aird Mhóir | 24 Deireadh Fómhair 1995 |

*Glacann an Comhairle Pobail buíochas leis an Ath. Pádraig Audley as an gcúnamh a thug sé le clár na ndaoine a tháinig ar an saol, a phós agus a bhásaigh.*

## LÍON NA nGASÚR SNA SCOILEANNA

| | |
|---|---|
| Scoil Mhuighrois | 25 |
| Scoil Charna | 57 |
| Scoil na hAirde Móire | 75 |
| Scoil Mhuighinse | 32 |
| Scoil na hAirde Thiar | 59 |
| Scoil Chill Chiaráin | 60 |
| Scoil Phobail Charna | 189 |

## FOINSÍ OIBRE SA BPARÓISTE

| *Ionad* | *Lán/Aim.* | *Páirt/Aim.* |
|---|---|---|
| I.S.P.G. | 9 | 1 |
| Gaelic Seafoods | 40 | - |
| Emerald Fisheries | 10 | 10 |
| Transmara Teo. | | - |
| Éisc Uí Fhlatharta | 6 | 2 |
| Arramara Teo. | 14 | - |
| A.C.M. | 6 | - |
| Saotharlann Mara, Muighinis | 10 | 2 |
| Taighde Mara Teo. | 3 | - |
| Comharchumann Sliogéisc Chonamara agus Muirín Teo | 5 | 180 |
| Scoil Phobail Mhic Dara | 15 | 5 |
| Bunscoileanna | 15 | - |
| Comhlachtaí Tógála / Réiteach Suíomhanna srl. | 35 | - |
| Seirbhísí leighis | 6 | - |
| Carna Lighting | 7 | - |
| Siopaí, tithe ósta, srl. | 51 | 15 |
| Comharchumann Chonamara Thiar | 5 | - |
| Cill Chiaráin Éisc | 8 | 28 |
| Eile (fir posta, gardaí, srl.) | 18 | - |
| Scéim fostaíochta pobail | 30 | - |
| Féinfhostaithe | 11 | - |

Téann idir 25-30 amach ag obair chuig jabanna taobh amuigh den pharóiste chuile lá.

## AN AIMSIR

*Cuntas tógtha ag an Stáisiún i Muighnis, Carna*

| **Báisteach 1995** | |
|---|---|
| Eanáir | 207.9 (mm) |
| Feabhra | 142.9 |
| Márta | 117.2 |
| Aibreán | 40.2 |
| Bealtaine | 116.1 |
| Meitheamh | 49.0 |
| Iúil | 103.6 |
| Lúnasa | 47.4 |
| Meán Fómhair | 52.7 |
| Deireadh Fómhair | 175.6 |
| Samhain | 94.1 |
| **Iomlán** | 1146.7 (mm) |

**AN LÁ AB FHUAIRE**

18ú Samhain 1995: -1.9°C

**AN LÁ BA TEOCHA**

3ú Lúnasa 1995: 27.5°C

**AN LÁ BA FLICHE**

1ú Lúnasa 1995: 34.5 (mm)

**AN GHAOTH**

Bhí 70 míle san uair ar an deis tomhaiste gaoithe atá acu i Muighinis ar an 17ú Eanáir nuair a chuir an ghaoth an trealamh as alt. Ceaptar gur shroich sí os cionn 100 míle san uair ina dhiaidh sin.

**Nóta faoin aimsir**

Beidh cuimhne againn an dá lá agus a mhairfidh muid ar an samhradh iontach a tháinig i 1995. Ba é an samhradh ba teocha é ó 1880. Bhuail mí Lúnasa amach gach ar facthas leis na scórtha bliain. Ba é an Lúnasa ba teocha é ó 1911 i leith agus ba é an Lúnasa ba ghrianmhaire é in iarthar na hÉireann ó 1965.

Ach aisteach go leor, bhí an bhliain uile 5% níos fliche ná an meán-fhigiúr in iarthar na hÉireann de bharr na dtuilte a chaith sé ó Eanáir go deireadh an Mhárta. Ba é an geimhreadh ba fliche é ó 1863!

Is díol spéise iad na figiúirí don lá ba teocha agus an lá ba fliche ag an Stáisiún Aimsire i gCeann Mása i 1995. Ba é an chéad lá de Lúnasa an lá ba fliche den bhliain agus ba é an tríú lá de Lúnasa an lá ba teocha – 27.5%. Ach cuimhnigh go bhfuil Ceann Mása ar bhruach na mara agus chaithfeadh sé go raibh sé céim nó dhó níos teocha ach a ngabhfá achar ar bith isteach ón bhfarraige.

Tá staidéar 30 bliain ar an aimsir díreach críochnaithe ag Frank Gaffney i nGaillimh agus tá súil aige tuarascáil a fhoilsiú san athbhliain. Deir sé nach bhfuil aon chlaonadh fíor-shuntasach le feiceáil ach deir sé go bhfuil an aimsir níos cineálta sa nGeimhreadh le cúig nó sé de bhlianta anuas.

Ár mbuíochas do Khiarán Ó Maoláin sa Saotharlann Mara i Muighinis a chuir na figiúirí i dtoll a chéile agus le Frank Gaffney i nGaillimh a thug léargas ginearálta ar an aimsir i 1995.

## *Vótáil ar an gColscaradh*

Bhí vótáil ar cheist an cholscartha sa tír seo ar an 24ú Samhain, 1995. Bhí toradh stairiúil ar an reifreann. Glacadh leis an gcolscaradh le tromlach an-bheag – 9,000 vóta.

Mar seo a caitheadh na vótaí sna hionaid sa bpobal seo agus sna pobail is gaire dúinn.

| Ionad | Tá | Níl |
|---|---|---|
| Loch Con Aortha | 24 | 48 |
| An Aird Mhóir | 56 | 79 |
| Carna | 66 | 54 |
| An Aird Thiar | 42 | 68 |
| Glinnsce | 14 | 29 |
| An Caiseal | 44 | 74 |
| An Gort Mór (Ros Muc) | 32 | 18 |
| An Turloch Beag (Ros Muc) | 18 | 33 |

Iomlán ar a shon (TÁ) ... 296
Iomlán ina aghaidh (NÍL) ... 363

Bhí an vótáil íseal – 659. Caitheadh 882 i dtoghcháin an Údaráis i 1994 agus 1,041 i dtoghcháin an Údaráis i 1989 mar shampla.


**S. & M.**
**Ó Cualáin Teo.**

Crumpán, Carna

Le haghaidh
tolladh
pléascadh
agus
réiteach suíomh

**Guthán (095) 32263**

# Gaelic Seafoods Ireland

PRODUCERS OF THE FINEST
ATLANTIC SALMON

IONAID OIBRE

Leitir Ard, san Aird, ar an Sraith Salach, i Leitir Mealláin agus i Rinn Mhaoile

Ag tacú leis an gceantar agus ag seasamh leis an gceantar

*Comhghairdeachas leis an gcoiste*
*agus guímíd gach deá-rath ar a gcuid oibre*

# Cumann Peile Chailíní Charna



**Corn don Chaiptín**

*Risteárd Mac Donnchadha ag bronandh an Choirn ar Sally Ní Laoi, caiptín fhoireann scoil Chill Chiaráin, a bhuaigh comórtas peile na gcailíní bunscoile.*

Bunaíodh Cumann Peile Chailíní Charna i mí an Aibreáin, 1995. Tá timpeall is 60 cláraithe leis an gCumann anois. Tá foirne faoi-14, faoi-16 agus sóisir sa gCumann.

Sé Pádraig Ó Coiribín an bainisteoir agus sé Dominic Ó Móráin an traenálaí. Sí Máire Uí Fhlatharta traenálaí na gcailíní faoi-14.

Tá suim mhór i bpeil do chailíní sa bparóiste. Socraíodh le comhoibriú ó mhúinteoirí cheantar Charna/Cill Chiaráin go n-eagrófaí comórtas 7-an-taobh idir na bunscoileanna. D'éirigh thar barr ar fad leis an gcomórtas. Chuir Risteárd Mac Donnchadha cupán breá ar fáil agus fuair muid tacaíocht airgid ó Choiste Turasóireachta Chill Chiaráin le haghaidh na mbonn.



**Cúlbáire na Gaillimhe**

*Sí Máire Uí Fhlatharta as an Aird Mhóir an ceathrú duine ó chlé sa bpictiúr seo – pictiúr d'fhoireann peile mhná na Gaillimhe 1995. Ba í Máire an caiptín ar fhoireann na Gaillimhe i mbliana. Sí a scríobh an cuntas faoi Chumann Peile na mBan i gCarna.*



**Foireann Ban Charna**

*Chun tosaigh (ó chlé): Mairéad Uí Dhomhnaill, Sarah Ní Chualáin, Treasa Nic Táibhís, Caitlín Ní Cheannabháin, Gearóidín Nic Táibhís, May Ní Fhlatharta, Máire Bhreathnach agus Julia Ní Dhubháin.*

*Líne cúil (ó chlé): Pádraig Ó Coiribín (Bainisteoir na foirne), Bríd Ní Chonaire, Siobhán Ní Chaodhna, Gráinne Uí Chualáin, Póilín Ní Chaodhna, Áine Nic Táibhís, Heidí Ní Chlochartaigh, Máire Uí Fhlatharta, Sarah Seoige, Aisling Ní Mhéalóid, Úna Ní Chonaire agus Séamas Ó Flatharta taobh thiar díobh.*

Foireann bhunscoil Chill Chiaráin a bhuaigh an comórtas agus bhí Muighros sa dara háit.

**An Fhoireann Sóisir**

Chuaigh an fhoireann sóisir chomh fada le cluiche ceannais chomórtas "Sciath Raidió na Gaeltachta" ach fuair Eanach Cuain an ceann is fearr orthu.

Tá an-chomhoibriú i measc na foirne agus tá muid ag fáil tacaíochta ó mhuintir na háite agus ó thuismitheoirí.

Bhí comórtas 7-an-taobh Phléaráca Chonamara againn ar Pháirc Charna i mí Mheán Fómhair agus chuir muintir Uí Mhóráin corn ar fáil. Bhí 8 bhfoireann sa gcomórtas agus siad foireann Óstán Chuan Charna a thug leo an chraobh.

Tá formhór na foirne atá againn an-óg agus taobh istigh de bhliain nó dhó, tá súil againn Craobh an Chontae i bpeil na mban a thabhairt go Carna.

Tá scíth tógtha againn ón traenáil anois go Márta agus beidh fáilte roimh imreoirí nua isteach sa gCumann an uair sin.

Ba mhaith linn míle buíochas a ghlacadh le gach duine a thug cúnamh dúinn i rith na bliana. Go raibh maith agaibh.

*Máire Uí Fhlatharta*



**Buaiteoirí**

*Foireann Chill Chiaráin a bhuaigh comórtas peile na gcailíní bunscoile agus an Príomhoide, Mícheál Ó Cuaig, ina gcuideachta.*



**An dara háit ag Muighros**

*Foireann Mhuighrois a bhí sa dara háit i gcomórtas peile na gcailíní bunscoile agus an Príomhoide, Mac Dara Ó Loideáin, ina gcuideachta.*

# I bhfoisceacht meandair do Chraobhacha Móra

## *Beidh an lá leis na peileadóirí fós*

**D'imir foirne Charna/An Caiseal togha peile le bliain anuas agus bhí an mí-ádh orthu gur imigh dhá chraobh leis an ngaoith faoi dheireadh thiar thall.**

**Bhí an fhoireann faoi-21 i gcluiche ceannais an chontae ach buaileadh iad san ath-imirt. Bhí na sóisir i gcluiche ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta agus b'éigean leathuair an chloig am breise a imirt sular éirigh le seaimpíní Chorcaigh an ceann is fearr a fháil orthu.**

**Seo tuairisc ó *Cholm Ó hUaithnín.***

### An Chraobh faoi-21

Bhí bliain an-fhada ag foireann faoi-21 Charna agus iad ag iarraidh Craobh faoi-21 an chontae don bhliain 1994 a thabhairt go Carna den chéad uair. Bhuaigh siad Craobh Iarthar na Gaillimhe tar éis athimeartha in aghaidh togha foirne a bhí ag Na Piarsaigh. Roimhe sin, fuair Carna/Caiseal an ceann is fearr ar Leitir Móir agus ar Naomh Micheál (tar éis athimeartha).

I gcluiche leath-cheannais an chontae in aghaidh Phort Omna, bhí an bua ag Carna leis an scór 0-12 in aghaidh 0-4. Ba iad Cortún as tuaisceart na Gaillimhe a bheadh ina n-aghaidh sa gcluiche ceannais.

Bhí Carna/Caiseal pointe amháin chun cinn agus gan ach nóiméad fanta le n-imirt ach chothromaigh Cortún na scóranna. Bhí an ath-imirt i dTuaim. Bhí an lá an-fhliuch agus mhíll an bháisteach an cluiche. Drochlá a bhí ann dúinne freisin. Bhí an bua ag Cortún le 6 phointe.


Ach, cé go raibh muid uile diomuach nár tugadh an Corn abhaile, caithfear a rá gur imir an fhoireann seo faoi-21 an-pheil go deo i rith na bliana. Tá an caighdeán agus an choimhlint a bhí i gcluiche ceannais an Iarthair idir Carna/Caiseal agus na Piarsaigh cúpla lá roimh an Nollaig molta ag chuile dhuine a chonaic an cluiche sin a chríochnaigh ar chomh-scór.

### Comórtas Peile na Gaeltachta

Is ar an bhFáirche a reachtáileadh Comórtas Peile na Gaeltachta i mbliana. Ba iad Carna/an Caiseal a ghlac páirt sa gComórtas Sóisir do Ghaeltacht na Gaillimhe don dara bliain as a chéile.

Is i gcoinne na Fáirche a d'imir Carna/an Caiseal sa réamh-bhabhta tráthnóna Dé hAoine agus shaothraigh muid ár mbua le 3 phointe. Bhí an Satharn go breá, rud a d'fheil Carna/an Caiseal is cosúil mar gur bhuail muid Rath Chairn éasca go leor. Bhí peileadóirí Iorras Aithneach sa gcluiche leath-cheannais anois den chéad uair ó 1978. Ba iad an Rinn as Port Láirge a bhí inár n-aghaidh agus tar éis cluiche crua go maith, bhuaigh muide le seacht bpointe.

Bhí na sluaite as Carna ar an bhFáirche ar an Luan don chluiche ceannais in aghaidh Bhéal Átha an Ghaorthaigh as Corcaigh. Bhí an cluiche seo ar cheann de na cluichí ab fhearr a d'fhéadfá a fheiceáil agus tar éis leathuair an chloig am breise bhí an lá leis na Corcaíochaí le dhá phointe.




*Foireann faoi-21 Charna/Caiseal a bhuaigh Craobh faoi-21 an Iarthair: chun tosaigh (ó chlé) – Séamas Ó Clochartaigh, Seán Ó Cualáin, Pádraig Ó Coirbín, Pádraig Ó Caonaigh, Seán Mac an Iomaire, Seán Ó Cathasaigh, Liam Ó Maoláin.*
*An líne cúil (ó chlé) – Val Ó Guairim, Mícheál Ó Clochartaigh, Val Ó Coirbín, Ciarán Ó Tuathail, Feichín Ó Guairim, Nollaig Ó Nia, Rónán Ó Dúbhda agus Dara Mac an Iomaire.*



*Chun tosaigh (ó chlé) – Seán Mac an Iomaire, Séamas Ó Clochartaigh, Éamon Ó Cuinneáin, Tomás Ó Briain, Mícheal Ó Clochartaigh, Dara Mac an Iomaire, Liam Ó Maoláin, Pádraig Ó Coirbín, Feichín Ó Guairim, Pádraig Ó Caonaigh, Séamas Ó Clochartaigh.*
*An líne cúil (ó chlé) – Pádraig Ó Clochartaigh, Gearóid Ó Cualáin, Seán Ó Flatharta, Seán Ó Cathasaigh, Colm Ó hUaithnín, Seán Mac Táibhís, Ciarán Ó Tuathail, Val Ó Guairim, Colm Ó Clochartaigh, Rónán Ó Dubhda, Seán Ó Loideáin, Seosamh Ó Conghaile, Seán Ó Flatharta, Diarmaid Ó Duinnshléibhe agus Seán Ó Catháin. Bhí Val Ó Coirbín as láthair de bharr scrúdaithe.*

**Na torthaí i gComórtas Peile na Gaeltachta, 1995 – i gConamara**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna/an Caiseal | 0.13 | Maigh Cuilinn | 1-7 |
| Carna/an Caiseal | 0-11 | Na Piarsaigh | 0-8 |
| Carna/an Caiseal | 0-18 | An Cheathrú Rua | 2-5 |

**Na torthaí i gComórtas Peile na Gaeltachta, 1995 – an Comórtas Náisiúnta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna/an Caiseal | 1-10 | An Fháirche | 1-7 |
| Carna/an Caiseal | 4-15 | Rath Chairn | 0-8 |
| Carna/an Caiseal | 2-11 | An Rinn | 1-7 |
| Béal Átha an Ghaorthaigh | 4-11 | Carna | 3-12 |

Tá pictiúr de phainéal Chraobh Charna in uachtar anseo.


**Comórtais eile**

Bhuail na Piarsaigh muid i gcluiche leath-cheannais na sraithe agus i gcluiche ceannais na sraithe le linn na bliana.

B'iad seo na scóranna sa gCraobh Sóisir "A":

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carna/an Caiseal | 1-11 | Rinn Mhaoile | 1-8 |
| Na Piarsaigh | 1-8 | Carna/an Caiseal | 0-7 |


# LÁMH CHÚNTA Ó AIB



Téann díograis agus comhoibriú le chéile chun comhleas pobail a chothú. Glacann AIB go hiomlán leis seo agus táimid toilteanach ár gcion a dhéanamh i do phobal.

Mar cheann de phríomh institiúidí airgeadais na hÉireann, tuigimid an tábhacht atá le cabhrú le daoine chun na cuspóirí atá acu a chomhlíonadh agus chun na cuspóirí seo a thabhairt chun críche tá raon cuimsitheach de sheirbhísí agus de tháirgí á chur ar fáil againn. Mar teastaíonn lámh chúnta ó gach duine ó am go ham.

**An Clochán 095-21129/21120**

AIB
Banc

*Gineann tú an bhuaic ionainn*

*Cláraigh le*

*Conradh na Gaeilge*

*agus glac páirt inár gcuid oibre*

*ar son na Gaeilge*

***Conradh na Gaeilge,***
***6 Sráid Fhearchair,***
***Baile Átha Cliath 2.***
***(01) 4757401***

# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**Bia Mara—An príomh chomhlacht margaíochta don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhghairdeachas leis an gComhairle Pobail as a bhfuil déanta acu.*

# Pádraig Ó Maoilchiaráin

## *Cé a chreidfeadh go n-imeodh sé?*



**Bádóir**

*I gcuideachta na gcomharsan agus é ag dul amach ar chuan na Beirtrí Buí. Chaith sé scaitheamh mór ag saothrú a bheatha ar an gcuan sin.*


Dá mbeifeá ag tógáil léas ar shaol aon nduine sa bpobal, is beag nach mbeadh sé ar bharr an liosta agat. Nach shin é a dúirt chuile dhuine faoi Phádraig Ó Maoilchiaráin as Leitir Ard – nó Pádraig an Chaiptín mar ab fhearr aithne againn uile air. Ach is fealltach an gadaí é an bás. D'imigh Pádraig uainn théis tinnis cúpla lá in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, ar an 25 d'Eanáir i mbliana.

B'uafásach an tubaiste é dá bhean, Máire Áine agus dá chlann mhac agus a chlann iníon. Ba mhór an chailliúint é Pádraig don tionscail ina raibh sé ag obair, Gaelic Seafoods, agus ba mhór an buille é a bhás don Chomhairle Pobail agus don phobal uile.

D'imigh gnaíúlacht, suáilceas agus uaisleacht leis nuair a cuireadh é i reilig Mhuighrois. Guíonn muid suaimhneas air go brách.

Tá muid ag cású a mbris le Máire Áine agus lena gclann – Máire, Siobhán, Catherine, Máirtín, Michael agus Joe.

Tugann na pictiúir seo beagán léargais ar shaol agus ar ghníomhaíocht Phádraig Uí Mhaoilchiaráin.



**Feilméireacht Éisc**

*Bhain Padraig úsáid as an gcleachtadh a bhí aige ar an bhfarraige i dtionscail na feilméireachta éisc. Seo é arís anseo é ar Chuan na Beirtrí Buí agus é i mbun oibre.*



**Fear Teaghlaigh**

*In éineacht le Máire Áine agus a n-iníon, Catherine, ar ócáid a Céad Chomaoineach i gCarna.*



**Fear Gaelach**

*Seo é Pádraig – an dara duine ó chlé – ag an ócáid i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 1994 nuair a fógraíodh gur ag Carna a bhí príomh-dhuais Ghlór na nGael an bhliain sin. Bhí Pádraig gníomhach i gcúrsaí pobail go leor – Coiste Ghlór na nGael ina measc. Sa bpictiúr seo (ó chlé) Seán Éinniú, Pádraig Ó Maoilchiaráin, an Ceannfort Garda Maitias Ó Cosgordha, Pádraig Ó Ceannabháin, Pádraig Ó Gaora agus Gearóid Ó Cosgordha.*




**Fear Pobail**

*Pádraig anseo i gcuideachta Cháit Ní Uaithnín (faoi dheis) agus May Mhic an Rí (faoi chlé) ag an ócáid ar cuireadh othar-charr Charna ar bóthar. Bhí Pádraig an-ghníomhach in Ord Mhalta. Sna blianta roimhe sin chleacht sé éide mhíleata ar feadh i bhfad san F.C.A.*

# SOILSE CHARNA

Carna, Co. na Gaillimhe.

Fón: 095-32283
Facs: 095-32355

**Seo na soilse is maisiúla agus is breátha in Éirinn**

Earraí Éireannacha déanta sa nGaeltacht
agus ag tabhairt fostaíocht áitiúil



# Cill Chiaráin Éisc Teo.

**Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.**
**Teil: 095-33466, 33467, 33432. Facs: 095-33468**

*Próiseáil Bradán agus Breac*
*do na feirmeacha éisc áitiúla*

# D'imigh Beartla leis na duilliúir

*Máirtín Ó Catháin*



**"Meals on Wheels"**

*Seo pictiúr de Bheartla Ó Caodhna a tógadh agus é ag breith suas ar an 100 agus a charr den déanamh Plymouth Sedan. Taobh amuigh dá theach cónaithe i Jamaica Plains i mBoston a tógadh an pictiúr. Bhíodh Beartla ag tabhairt béilithe thart chuig sean-ndaoine mar chuid den tseirbhís "Meals on Wheels" an uair sin!*

Bhí duilliúir ghlasa an tsamhraidh ag bogadh a ngreim ar na crainnte i Massachussetts nuair a scar Beartla Ó Caodhna leis an saol seo. D'éalaigh sé leis ar an 26ú Meán Fómhair. Bhí sé 101 bliain – mí amháin - coicís - agus chúig lá d'aois.

Deir siad i nGabhla – an baile inár rugadh agus inár tóigeadh é – go raibh nós aige ina fhear óg, imeacht den phortach san earrach agus a dhul sna cosa in airde go barr chnoc Choill an Gháigín agus ar ais arís – gliondar na hóige ina chuisleacha. Tá a fhios againne a bhí ina chomhluadar agus céad bliain d'aois slánaithe aige i mBoston, nár thréig an óige a chroí ariamh. Bhí greann agus diabhlaíocht ag baint leis; ba bhínn a chasadh sé bhéarsa d'amhrán agus maidir lena chomhrá faoin mbaile san aimsir a caitheadh – ba dheacair a chreidiúint nach inné a chas sé amach i dtreo na traenach ar an Sraith Salach.

Rinne sé cur síos álainn in agallaimh ar Raidió na Gaeltachta cúpla bliain ó shin ar a chuimhní cinn ar an bhfaire a bhíodh ar fhear an phosta agus ar litreacha as Meiriceá aimsir na Nollag nuair a bhí seisean ina ghasúirín – i dtús an chéid seo.

Guíonn muid sonas agus suaimhneas air san áit ina mbíonn sé ina Nollaig i gcónaí.

## Togha na bhfear agus plúr na mban

Is minic ráite é gur fágadh Éirinn agus an taobh seo tíre tanaithe ar bhealaí go leor de bharr shruth na himirce. Meabhraíodh é sin dom sa bhFómhar seo caite nuair a fuair mé an dá phíosa seo as páipéir nuachta as Meiriceá.

Sa m*Boston Globe* a foilsíodh ceann acu. Páipéar an-mhór agus an-cháiliúil é an *Boston Globe*. Beidh a fhios ag daoine a bhí i mBoston go dtugtar an-aird ar an bpíosa a scríobhann Mike Barnacle sa m*Boston Globe*. Tá an píosa anseo a scríobh sé faoi Bheartla Ó Caodhna (Bartley Keaney) ar an 1/10/1995.

Thart ar na laethanta céanna, fuair mé cóip de phíosa a scríobhadh i bpáipéar i Sacramento i gCalifornia faoi bhean a rugadh agus a tóigeadh ar an taobh eile den chlaí teorann de Bheartla Ó Caodhna sa mbaile céanna, Gabhla. B'shin í Sally Nolan, nó Sailí



*(ar lean ar lth. 32 7 33)*

# Togha na bhfear agus plúr na mban



**Cuairt ar an mbaile**
*Pictiúr anseo de Sally Nolan (Sailí nó Sarah Ní Chaodhna) an uair dheireadh a raibh sí sa mbaile. Faoi dheis atá sí anseo (leis an seaicéad bán) in éineacht le Máire Bean Uí Chatháin, seanchara léi.*

(Sarah) Ní Chaodhna, roimh phósta di. Bhí Beartla imithe go Meiriceá sular rugadh a chomharsa béal dorais, Sailí. Thug a gcosáin iad chuig áiteacha atá suas le 3,000 óna chéile i Meiriceá.

Bhí an saol crua le linn don bheirt acu a bheith ag éirí aníos; ní raibh caint ar mhórán oideachais ná ar chúnamh do lucht na himirce. Ach nach mór an díol spéise é gur éirigh chomh maith leis an mbeirt agus go raibh an oiread sin measa orthu sna pobail inár chuir siad fúthu i Meiriceá.

Is sampla eile é don mhiotal a bhí sna daoine seo a d'imigh thar lear agus 'speáineann sé freisin go raibh an-ghlacadh i Meiriceá le daoine a rinne a ndícheall agus a chuaigh chun cinn sa saol.

## Oifig an Chomhairle Pobail

Tá Oifig ag Comhairle Pobail Iorras Aithneach don tríú bliain as a chéile anois. Tá an oifig an-áisiúil agus cuireann sí go mór le hobair na Comhairle. Seo é an chéad uair a raibh oifig mar seo ag Comhairle Pobail thart anseo agus tá muid an-bhuíoch de FÁS, d'Údarás na Gaeltacha agus de Chomharchumann Chonamara Thiar as ucht an chúnamh atá tugtha acu dúinn i dtaobh na hoifige. Tá a gcuid ama roinnte go fial linn ag Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir an Údaráis sa gceantar seo, agus ag Éamon Ó Domhnaill, Bainisteoir Chomharchumann Chonamara Thiar.

Siad Máire Áine Ní Neachtain as Caladh bhFuínnse agus Áine Máire Ní Fhlatharta as an Aird Mhóir na Rúnaithe atá againn san oifig anois. Seolann muid ár mbeannachtaí go Boston chuig Bláthnaid Ní Loideáin a bhí linn le scaitheamh maith agus a chuaigh go Meiriceá i mbliana.

Oifig Chomhairle Pobail Iorras Aithneach: 095-32587 (Teileafón agus Facs). (Bíonn meaisín freagartha ann nuair nach mbíonn na Rúnaithe i láthair.)

**MIKE BARNICLE**

## 2 lives: one full, one unfinished



Bartley Keaney, 101, came to America 70 years ago from a tiny, rock-hard village in the glorious west of Ireland. Until he was 70, he dug graves for a living, got married and along with his wife, Brigid, dead a decade, raised three children. One daughter is hospitalized in the same old-age home where her father just died. Another daughter is a nurse at the Jamaica Plain V. A. Hospital while his only son, John, teaches the classics at Princeton University.

What a wonderful life the old man enjoyed. After retiring, he worked every single day exactly where he worshipped faithfully each morning, St. Thomas Aquinas Church.

"I had to politely tell him that was enough when he was 90," Father Thomas said after Mass yesterday. "He was a big strong man. He could lift huge gravestones all by himself.

"He had great faith. He was very humble. He lived behind the Agassiz School. He was always very active until he broke his hip last year. His mind was clear to the end.

"Bartley enjoyed being alive. I told those at his funeral this morning that he did exactly what God requires of us: to do justice, to love kindness and walk humbly."

He owned a 25-year-old Plymouth sedan and until recently he would drive slowly up and down his neighborhood, to church, to the store and home again. Whenever the old man, behind the wheel of his car, passed the place where he prayed, he'd come to a complete stop in order to make the Sign of the Cross, oblivious to the honks or screams of those driving behind him who were constantly in a huge hurry to go nowhere.

Until he was 97 years of age, Bartley Keaney used that 1970 Plymouth to deliver Meals on Wheels to senior citizens, people sometimes 20 years his junior. On Saturday, about 250 friends stood in the church to utter a soft goodbye to a man who led an anonymous, spectacularly quiet yet faithful life.

## Sally Nolan

A former teacher's aide in Sacramento schools, she was devoted to helping kids

By Oscar Hidalgo
Bee Staff Writer

Sally Nolan had three unwavering passions: her family, her children and helping kids learn.

For more than two decades, known to her young students as "Mrs. Sally," she gave hugs, wiped runny noses, tended to scraped knees and, more importantly, stressed the importance of education to kids as a teacher's aide in the Sacramento City Unified School District.

Mrs. Nolan, who retired in 1985, died in her Sacramento home Monday at age 70.

"She was the most liked person you ever knew," said her husband, Joseph Nolan. Her kindness and affection for her students was never more obvious to her husband than when she retired as a preschool aide at Marion Anderson School.

"She had such an impression on those kids that many of them didn't want to come back to school," Joseph Nolan said of his wife's retirement. "The kids said, 'If Mrs. Sally isn't going to be there anymore, then we don't want to be here.'"

Mrs. Nolan, a 42-year resident of Sacramento, began her career with the school district in 1958 as a pastry cook at Kit Carson Elementary School. After earning her teaching credential through night classes, she became a teachers aide at the former El Dorado Elementary School on J Street. In the early 1970s she joined Marion Anderson School.

During her retirement, Mrs. Nolan enjoyed walking and riding her bike. "She didn't volunteer for anything else," Joseph Nolan said. "She wanted to take care of her family and grandchildren."

She was born and raised in County Gallway, Ireland, and married Joseph Nolan on Sept. 7, 1946, less than three months after they met. "It was the best decision I ever made in my life," he said.

The couple settled in Sacramento in the early 1950s and would have celebrated their 49th wedding anniversary next month.

Mrs. Nolan was a "religious woman" and was active in Sacred Heart Catholic Church in Sacramento, said her husband.

"She attended Mass every morning and fell asleep at night with rosary beads in her hand," he said. "She was a very, very honest person. She didn't like phonies, but she couldn't fake who she was."

Besides her husband, survivors include her sons, Michael of Isleton, John of Sacramento and Jim of Woodland; daughters, Terry of Antioch and Patricia of Sacramento; brothers, Patrick, Mark and Thomas Keaney, all of Ireland; a sister, Ellen Coe of Boston, Mass.; and 10 grandchildren.

A Mass of Christian burial will be at 10 a.m. today in Sacred Heart Church, 39th and J streets. Interment will follow at St. Mary's Cemetery.

Arrangements were made through W.F. Gormley & Sons Chapel, 2015 Capitol Ave., Sacramento.


# T. Ó MÁILLE TEO.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera •

• Crua-Earraí, Éadach •

• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# Deireadh le Aifrinn sna scoileanna

*Tá an saol ag athrú agus tá an pobal taobh le beirt shagart ó d'imigh an tAthair Pádraig Ó Dubhshláine uainn sa bhfómhar. Is de bharr na laghdaithe sin ar líon na sagart sa bpobal a cuireadh deireadh leis na hAifrinn i scoileanna Mhuighrois agus Ghlinnsce. Léadh an tAifreann Domhnaigh deireadh i scoil Mhuighrois ar an 17ú Meán Fómhair agus léadh an tAifreann deireadh i scoil Ghlinnsce ar an 24ú Meán Fómhair i mbliana.*


*Sé an tAthair Dónal Ó Corcaráin a tháinig go Carna i 1940 a chur tús leis na hAifrinn sna scoileanna.*

*Bhí tae agus greim le n-ithe, chomh maith le cúpla bronnadh, i Scoil Ghlinnsce tar éis an Aifrinn dheiridh. Seo cúpla ceann de na pictiúir a tógadh ar an ócáid sin.*



**Bláthanna agus Buíochas**

*Bronnadh ciseán bláthanna ar Cháit Bean Mhic Chraith as Glinnsce. Bhí sí ag réiteach na scoile agus na haltóra don Aifreann le 25 bliain. Tá sí i gcuideachta an tsagairt pobail, an tAthair Pádraig Audley, anseo.*



**An Léacht**

*Mairéad Mhic Dhonnchadha ag léamh an léachta ag an Aifreann deireadh i nGlinnsce. Sé an tAthair Pádraig Audley an ceiliúraí.*



**Ag fágáil slán le Aifreann Ghlinnsce**

*Ó chlé: Hannah Bean an tSeoige as Glinnsce, Mairéad Bean Uí Chaonaigh as Gabhla, Marie Bean Uí Nia as Muighros, Máirín Bean Uí Chualáin as Muighinis agus Máire T. Uí Chuinneagáin as Glinnsce.*



**Súil thart**

*Séamas Mac Donnchadha as Glinnsce istigh faoin altóir théis an Aifrinn dheiridh i nGlinnsce.*

# Ag scaipeadh an tSoiscéil i bhfad ó bhaile

**Sagart óg as Caladh bhFuínnse i gCarna é an tAthair Pádraig Ó Niaidh. In Ord na gCairmilíteach atá sé. Amuigh sa Nigéir san Afraic atá sé le dhá bhlian ar na misiúin.**


**In Enugu in oirdheisceart na tíre atá Pádraig ag obair – sin é an taobh tíre ina raibh na *Biafrans* ar déanadh scrios orthu aimsir an Ghorta ansin.**

**San alt seo a sheol sé chugainn, déanann an <u>*tAthair Pádraig Ó Niaidh*</u> cur síos ar an athrú as Éirinn agus ar an obair atá sé a dhéanamh sa Nigéir.**

Bhí mo chroí i mo bhéal agam agus mé ag teacht den eitealán i Lagos, Nigeria. Bhí an teas uafásach agus an áit thimpeall orm plódaithe le daoine dubha – daoine nach raibh mórán déileála agam leo roimhe sin. Bhí mé sách thrína chéile agus bhuail uaigneas mé i ndiaidh sléibhte, farraige agus bóithre Chonamara. Ach ní raibh sé i bhfad go raibh mé socraithe síos i measc na nÉireannach amuigh ansin agus mé fhéin ag baint suilt as na radharcanna iontacha nach bhfeicfeá in aon áit ach san Afraic.

Chuaigh na Cairmilítigh isteach go Nigeria sa mbliain 1988. Seachtar sagart Éireannach, sagart Nigéireach agus bráthair as an Ástráil atá ann faoi láthair. Bhí taithí mhór ag beirt acu ar shaol na misiún tar éis seacht mbliana déag a bheith caite acu sna Filipíní ach seo é an chéad bhlas ag an gcuid eile againn ar an gcineál seo oibre.

Níl sé ach céad bliain ó tháinig na Críostaithe go Nigeria. Mar sin, níl an creideamh ach óg agus lag fós. Sin é an fáth gur iarr Easpag Dheoise Enugu, an




**I bhfad ó bhaile**
*An tAthair Pádraig Ó Niaidh as Caladh bhFuínnse ag doras Theach Pobail Naomh Victor san áit a bhfuil sé ar na misiúin i gceantar Enugu sa Nigéir.*

Dr. Michael Eneja, ar na Cairmilítigh a dhul isteach chun an creideamh sin a chothú agus a láidriú sna daoine. Tá go leor daoine ann fós nach bhfuil in ann na nósanna págánacha a fhágáil ina ndiaidh agus a gcroí agus a n-anam a thabhairt don chreideamh Críostaí. Tá cuimse sagairt phágánacha, nó "Ju-Ju men" mar a thugtar orthu, i gcoimhlint leis na Críostaithe le daoine a mhealladh chucu féin. Cuireann muintir Nigeria an-bhéim ar chreideamh ach níl siad in ann a n-intinn a dhéanamh suas faoin gcreideamh is fearr, an Chríostaíocht nó an páganachas.

## Sagairt dá gcuid féin

Ó chuaigh muid isteach go Nigeria, chreid muid gurbh iad na hAfracánaigh féin ab fhearr a labhródh ar son a bpobail. Mar gheall air sin, thosaigh muid ag tabhairt leads óga isteach chun iad a thraenáil le bheith ina sagairt in Ord na gCairmilíteach. Níl aon easpa fir



**Ag scaipeadh an chreidimh san Afraic**
*An tAthair Pádraig Ó Niaidh i gcuideachta scata fear óg áitiúil atá faoi oiliúint don tsagartóireacht in ionad Ord na gCairmilíteach in Enugu sa Nigéir.*

óga orainn ó thosaigh muid dhá dtóraíocht. Tá os cionn 1,300 tar éis a bheith i dteangbháil linn agus astu sin thóg muid isteach 79 mac léinn sa gColáiste agus faoi láthair tá 25 acu sin ag dul ar aghaidh le dhul sna sagairt. Beidh seachtar acu seo réidh le n-oirniú i 1998, le cúnamh Dé.

Tá sé sách deacair oibriú leis na daoine nuair nach bhfuil na háiseanna cearta againn. Sa gcéad dul síos, ní féidir an teanga áitiúil a fhoghlaim. Tá daoine bána ansin le dhá scór bliain nach bhfuil in ann an teanga Igbo a labhairt fós. Cuireann sé seo brú mór orainn ó thaobh na ndaoine a thuiscint agus seans a thabhairt do na daoine muide a thuiscint. Tá easpa mór leabhra agus ábhar léitheoireachta ann. Faoi láthair tá muid ag priondáil leabhra beaga a bhéas éasca ag na daoine le léamh. Bíonn muid freisin ag tabhairt cúrsaí spioradálta agus ag dul ó háit go háit ag labhairt leis na daoine agus ag míniú na ndifríochtaí idir soiscéal Dé agus an sclábhaíocht a bhaineann leis an bpáganachas.

## Focal Dé

Sé scaipeadh an tsoiscéil an rud is mó a bhfaighim sult agus sásamh as. Níor iarr Críost orainn ach grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt d'ár gcomharsa. Maidir le íobairtí, ní iarann sé orainn ach cúpla punt a chaitheamh sa gciseán Dé Domhnaigh agus b'fhéidir beagán cabhrach a thabhairt dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu. Ach na déithe páganacha, iarann siadsan agus a gcuid "sagart" saothar an duine uile agus uaireanta, b'fhéidir, beatha an duine! Níl le fáil ar ais uathu ach an sclábhaíocht, faitíos, brón agus briseadh croí. B'fhéidir nach bhfuil freagra ag an gCríostaíocht ar fhadhbanna uile an domhain ach tá dóchas ag na daoine go bhfuil focal Dé láidir agus nach n-iarann sé orainn tada níos mó a fhulaingt ná a d'fhulaing Críost féin. Sin é an dóchas céanna ba mhaith linn a thabhairt do phobal Nigeria i rith an tsaoil casta, ocrach, tuirsiúil agus tubaisteach, uaireanta, a bhíonn acu féin sa tír seo.


# Dr. Micheál Ó Cathasaigh

**Carna**

| | | |
|---|---|---|
| IONAD SLÁINTE CHÁRNA: | 10.00 a.m. - 1.00p.m. | Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine |
| IONAD SLÁINTE CHILL CHIARÁIN: | 10.00 a.m. - 1.00 p.m.<br>3.00 p.m. - 6.00 p.m. | Dé Luain<br>Déardaoin |
| IONAD SLÁINTE AN CHAISIL: | 3.30 p.m. - 4.30 p.m. | Dé Céadaoin |

*Glacfaidh sé le daoine de réir socruithe roimh ré*
*ón 3-6 a chlog i gCarna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine*

**Uimhreacha Teileafóin**

Ionad Sláinte Charna/Baile: (095) 32281/32243/32304/32305
Cill Chiaráin: (095) 33429
Caiseal: (095) 31161

**SEIRBHÍSÍ**

Comhairle Leighis • Cuairteanna baile • Géar-thástáil ar an gcroí • Scamhóga • fuil • Mion-obráidí • Pleanáil chlainne • Tástáil "Allergy" • Seirbhís cógaisí leighis • Instealladh do ghasúir agus do dhaoine a bheadh ag taisteal agus seirbhísí eile.

# An Stair Bheo

Seosamh Ó Cuaig

*Is fada mé ag iarraidh a dhéanamh amach cén uair ar thosaigh muintir an pharóiste seo ag tógáil muiríní le díol. Bailíodh cuid mhaith eolais faoi na muiríní ar scéim fostaíochta sóisialta a bhí ag an gComhairle Pobail agus ag Comharchumann Chonamara Thiar ach níor tháinig aon eolas barainneach chun cinn faoin mbliain ar tosaíodh á dtógáil. Bhí cuid de na daoine ar labhraíodh leo ar aon intinn gur fear de mhuintir Chualáin as Ceannúir, an Caiseal, a dhíol i dtosach iad ach ní raibh aon eolas acu faoin mbliain.*

*An samhradh seo caite chaith mé seachtain sa gCartlann Náisiúnta i mBleá Cliath ag iarraidh a theacht ar an eolas seo. Tá cuid mhaith cáipéisí ansin faoi mhuiríní an pharóiste seo ach má tá féin ní raibh aon léargas faighte agam ar an dáta a bhí uaim go dtí an ceathrú lá nuair a casadh an litir seo a leanas liom:*

Carna, Co. Galway
December 5th, 1912

### Kilkerrin Bay and Bertraghboy Bay Scallop Fishing

Sir,

I beg to say that an important industry in scallop fishing has sprung up within the last few years in the above-named Bays. The industry, however, I regret to say, threatens to be short-lived in the absence of regulations establishing a close season for the fish and of further regulations limiting the size of the fish that may be killed. At the present moment scallops are not in season and yet they are despatched by the thousand to the English markets and sold there at greatly reduced prices. Again, the fishermen scoop up from the bottom of sea, with their dredges, all the fish they come across whether big or small, mature or otherwise, and those they cannot sell at *any* price they will take to their own homes and have them used by their own families. No fishing in the world could stand this treatment. Unless smaller fish at least are left behind to form stock for the future, neither large or small can be got there shortly. I hope your Department will be pleased to consider this matter without delay and that they will see the necessity of issuing regulations that will preserve this threatened industry.

I am,
Your obedient servant,
M. McHugh, P.P.

ESCALLOP FISHING NOVEMBER 1912-APRIL 1913

| Name of Purchaser | No. of Doz. purchased | Total Cash paid Fishermen |
|---|---|---|
| Mary Conroy, Kilkerrin | 8891 | £330 .10. 0 |
| Thos. McEvoy | 1034 | 53. 0. 0 |
| Keane & McAloon | 3274 | 150. 10. 0 |
| Mongan & Mylotte | 7630 | 340. 0. 0 |
| Pat O'Flaherty, Ardmore | 6327 | 298. 12. 6 |
| Ed. O'Malley, Derryrush | 4044 | 168. 10. 0 |
| D.H. Thompson, Knockboy | 17487 | 676. 0. 0 |
| Mannion, Lydon & Co. | 4616 | 230. 17. 0 |
| | 53353 | 2247. 19. 6 |

T. O'Donoghue
22.12.'13

Nár bhreá go deo an carnán muiríní é! Is dóichí go bhfaighfeá £7 ar dhosaen muiríní sa lá atá inniu ann. Sin le rá gurbh fhiú os cionn £371,000 an méid a díoladh an séasúr sin – gan trácht ar an méid a tugadh abhaile ag na gasúir!

Dá mbeidís chomh fairsing inniu nár bhreá an saothrú iad!



**Tigh Mháire Bhán**

*Tá sé déanta amach againn go mba é tigh Mháire Bhán i mBarr Linn (in aice leis an scoil ar chiumhais Chuan na Beirtrí Buí) an teach atá le feiceáil sa bpictiúr seo. Leagadh an teach sin fadó ariamh an lá. Pictiúr eile as an leabhrán cártaí poist de chuid J.W. Mongan.*

# ANSEO AGUS ANSIÚD



**Ag ceiliúradh 50**

*Mairéad agus Mícheál Ó Cadhain as Gabhla agus chúig dhuine dhéag den tseachtar déag clainne a bhí acu, ar ócáid cheiliúradh a bpósta 50 bliain ó shin. Ar an 24ú de Mheitheamh i mbliana a rinneadh an ceiliúradh.*

*Sa bpictiúr (ó chlé): Gearóidín (Maigh Cuilinn), Ann (Boston), Caitlín (Gaillimh), Breandán (Gabhla), Christina (Londain), Pauline (Boston), Vincent (Boston), Eileen (San Francisco), Mícheál (Gabhla agus Boston), Oilibhéar (Boston), Mairéad Bean Uí Chadhain agus Mícheál Ó Cadhain, Diarmaid (Londain), P.J. (Gabhla), Aodán (Boston), Johney (Londain) agus Tommy (Gabhla).*



**Anonn agus anall**

*Áine Uí Dhubhda (Ann Coyne) gléasta amach i bhfeisteas Ord Mhálta Charna.*



**Ag cur an phobail chun cinn**

*Ann Marie Ní Fhlatharta ag obair in oifig Chomhairle Pobail Iorras Aithneach. Cathaoirleach an Chomhairle Pobail, Evelyn Uí Mhaoláin in éineacht léi.*



**Fear an Phosta**

*Pictiúr de Chon Hynes, fear an Phosta i gCill Chiaráin, ina lad óg.*

# Tigh Pheacocke

**Maam Cross**
**Fón: 091-82306/82374/82375**

## DAMHSAÍ NA NOLLAG

| | |
|---|---|
| Aoine, 22/12/'95: | **Cóisir agus Dioscó** |
| Satharn, 23/12/'95: | **Dioscó leis an D.J. Lorcan Murray** |
| Máirt, 26/12/'95: | **DISCO** |
| Dé Céadaoin, 27/12/'95: | **Ócáid agus damhsa Chumann Peile na bPiarsach** |
| Déardaoin, 28/12/'95: | **Cóisir na ngasúr ag an 3 a chlog** |
| Satharn, 30/12/'95: | **Oíche ceol tíre le John Hogan** |
| Domhnach, 31/12/'95: | **DIOSCÓ cinnbhliana** |

Beidh busanna ag dul chuig cuid mhór de na himeachtaí seo as Carna (an bóthar ó dheas) agus as Cloch na Rón soir bealach Shraith Salach.

Eolas faoi bhus Chloch na Rón ó Mhikie Nee ag 095-34862 agus eolas faoi bhus Charna ó Sheán Breathnach 095-33541.

## Margadh an Tigh Dhóite

**Maam Cross Mart Ltd.**
**Fón: 091-82306/82254**

Níl bhuailfidh tú an praghas a gheobhas tú ar bheithigh agus ar chaoirigh ag margadh Mhaam Cross.


*Is féidir deis iompair a chur ar fáil freisin.*

# Obair ar Shábháilt na nGliomach

*le Kiarán Ó Maoláin*

**I mí Feabhra, 1995, thug David Dow as Maine i Meiriceá cuairt ar an tír seo le cur síos a dhéanamh ar an bhforbairt atá déanta ar ghliomadóireacht ar chósta thoir Mheiriceá Thuaidh. Siad Cumann Gliomadóirí na hÉireann a d'eagraigh an turas. Is saineolaí é David Dow ar chúrsaí gliomadóireachta agus thug an Comharchumann Sliogéisc agus Taighde Mara cuireadh dó a theacht go Carna chun freastal ar chruinniú eolais a bhí eagraithe i dTeach Sceirde. Bhí slua mór i láthair. Thaispeáin sé fístéip ag léiriú an dul chun cinn atá déanta ag gliomadóirí Mhaine le roinnt blianta anuas. Déanadh roinnt mhaith plé ar an bhforbairt agus ar an gcaomhnú atá i bhfeidhm i Meiriceá Thuaidh agus bhí an dream a bhí ag an gcruinniú sásta go raibh go leor le foghlaim ón obair seo.**

Níos deireanaí sa mbliain d'eagraigh Stiofán De Búrca cruinniú poiblí i gCill Chiaráin agus bunaíodh coiste nua le tabhairt faoi chaomhnú na ngliomach sa taobh seo tíre. Toghadh Dara Ó Flatharta ina Chathaoirleach ar an gcoiste nua seo. Le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta agus airgead na n-iascairí féin, cuireadh 800 gliomach marcáilte le "V notch" ar ais sa bhfarraige i gceantar Iorras Aithneach. Sé Stiofán De Búrca a bhí ag breathnú amach don obair thábhachtach seo. Tá sé in aghaidh an dlí na gliomaigh marcáilte seo a thógáil arís agus deir Stiofán go gcuirfidh siad go mór leis an síolrú gach bliain. Deir Stiofán freisin go bhfuil ardmholadh ag dul do na hiascairí a ghlac páirt sa scéim agus tá sé i gceist roinnt gliomaigh óga a cheannacht ón ngorlann san Ionad Taighde Sliogéisc agus iad a chur ar ais sa bhfarraige anseo.



**Forbairt na nGliomach**

*Stiofán De Búrca, Oifigeach de chuid Roinn na Mara, arb as Carna dó ó dhúchas, agus atá an-ghníomhach sa bhfeachtas leis na gliomaigh a neartú thart ar na cóstaí seo.*



**Bord Atlantis in Albain**

*Baill de Bhord chomhlacht Atlantis ar thuras eolais go hAlbain i mí Dheireadh Fómhair. Ó chlé: Kiarán Ó Maoláin, Máire Áine Ní Neachtain, Seán Mac Donnchadha (Cumann Húicéirí na Gaillimhe), Éamon Ó Domhnaill, Sorcha Nic Dhonncha, Fidelma Ní Mhiolláin, Tomás Ó Niaidh agus Séamus Ó Coileáin.*

# An Fheilméireacht Bhradán

## *Tuairiscítear bliain mhaith*

**Sí an Fheilméireacht Bhradán an tionscal is mó go mór fada sa bpobal seo i gcónaí. Cuirfear thart ar 5,000 tonna bradáin fheilme amach as na hionaid phróiseála sa bpobal seo i mbliana. Is dóigh gur fiú thart ar £15m an t-iasc sin, ag brath ar na praghsanna. Tá 70 fostaithe sa tionscal go lánaimseartha agus go páirtaimseartha sa bpobal.**

Tuairiscíonn na comhlachtaí gur bliain mhaith go leor a bhí inti. Bhí na praghsanna ab airde thart ar £3,500 an tonna. Níor chuidigh an aimsir bhreá leis an tionscal sa méid agus nach bhfásann an t-iasc chomh maith nuair a ardaíonn teocht na farraige go mór. Tá buntáistí ag an tionscal in Albain agus san Ioruaidh mar go bhfuil siad níos faide ó thuaidh agus, dá réir sin, bíonn an fharraige níos fuaire.

Ceaptar go raibh idir 5% agus 10% de laghdú ar mheáchan an éisc de bharr an teaspaigh i 1995.

Tá lucht Éisc Chill Chiaráin Teo. (ionad próiseála), Bia Mara i gCill Chiaráin (comhlacht margaíochta) agus Gaelic Seafoods i Leitir Ard muiníneach go mbeidh rath ar an tionscal arís i 1996. Deir siad go bhfuil cáil an-mhaith ar bhradáin chósta thiar na hÉireann ar na margaí. Ina dhiaidh sin féin, tá an Ioruaidh in ann cuimse éisc a chur ar na margaí – rud atá siad a dhéanamh faoi láthair – agus laghdaíonn an praghas nuair a thagann an t-ualach mór seo ar na margaí. Is díol spéise go bhfuil Éisc Chill Chiaráin ag cur píosaí bradáin amach i mboscaí beaga anois. "Salmon Delights" an branda atá ar an tairge seo agus tuairiscítear go bhfuil ag éirí go maith leis. Tá suas le seachtar coinnithe ag imeacht ag obair ar an táirge seo anois.

**Scéal eile agus muid ag dul i gcló**

Tá sé deimhnithe ag Gaelic Seafoods go bhfuil rún ag an gcomhlacht a n-oifigí riaracháin a aistriú isteach as Leitir Ard go Gaillimh. Seo droch-scéala don cheantar. Cé nach raibh ach cúpla duine áitiúil ag obair san oifig riaracháin, bheifí ag súil go mbeadh tuilleadh ann amach anseo. Deir Gaelic Seafoods go bhfuil sé níos ciallmhaire agus níor fearr do chúrsaí gnó go mbeadh an oifig riaracháin agus díolacháin i nGaillimh, go háirithe ó tharla ionaid a bheith acu ar chósta theas na hÉireann anois.

Tá sé fógraithe ag Gaelic Seafoods chomh maith go mbeidh siad ag cur trí chliabhán nua ar chuan na Beirtrí Buí san Earrach. Deir siad gur cheart go mbeadh 1,000 tonna breise dá bharr seo agus go mbeidh fostaíocht ag aon nduine dhéag breise ag obair ar na cliabháin seo.

*Do thogra a chur chun cinn i dtíortha an Arc Atlantaigh.*

*Á chur i gcrích i gCarna i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.*

# Coimisiún na Arc Atlantaigh

Is grúpa polaitiúil é Coimisiún an Arc Atlantaigh, ina bhfuil 30 réigiún a bhfuil teorainneacha acu leis an Aigéan Atlantach páirteach. Tá cúig thír i gceist - An Phortaingéil, An Spáinn, An Fhrainc, An Ríocht Aontaithe agus Éire.

Sí an aidhm atá leis an Arc Atlantaigh ná guth láidir a bheith ag an ngrúpa réigiún seo san Eoraip chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht láidir, leanúnach ar fáil dá gcuid forbairtí. Tá sé seo tábhachtach sa mhéid is go bhfuil éileamh láidir ar thacaíocht ag teacht ó thíortha eile atá ag teacht isteach san Aontas Eorpach.

Thug an Arc Atlantaigh tacaíocht láidir d'Fhorbairt Fhinatlantic agus do chláir fhorbartha eile ar nós Atlantis I (a chabhraigh le tograí idir-réigiúnacha a fhorbairt i gcúrsaí turasóireachta, timpeallachta, éisc/muirshaothraithe, taistil, forbartha gnó agus Taighde & Forbartha).

### Oidhreacht Mhara an Arc Atlantaigh

Tá comhcheangal bunaithe ag cuid de na hiarsmalanna-calaidh sa réigiúin chun oidhreacht mhara cheantar chósta an Arc Atlantaigh a chaomhnú agus chun atógáil agus athchóiriú na hoidhreachta seo a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an gcomhcheangal seo, atá lonnaithe in Iarsmalann Douarnenez sa Bhriotáin, polasaí comhbheartaithe a bhunú a spreagfadh gníomhaíocht chultúrtha agus turasóireachta san earnáil seo. Tá sé mar aidhm chomh maith pacáiste nua a fhorbairt: iarsmalanna-calaidh an Atlantaigh.

Tá an Port-Musée, Douarnenez, An Fhrainc agus Iarsmalann Mhara na hAlban, Irvine, Albain mar phríomh-pháirtnéirí i ngréasán na n-iarsmalann, ina bhfuil Carna páirteach. Mar chuid dá rannpháirtíocht i dtogra Atlantic tá Carna ag féachaint ar na deiseanna atá sa cheantar chun forbairt a dhéanamh ar acmhainní cultúrtha bunaithe ar shaol na farraige. Déanfar seo trí fhoghlaim ó thaithí na n-iarsmalann eile ar chósta an Atlantaigh atá níos forbartha ná Carna agus trí staidéar a dhéanamh ar na féidearachtaí áitiúla.

# Obair Phléaráca – *an scéim ealaíon phobail*

### Cúrsa Fiseáin

Ba mhaith le Pléaráca cúrsa i mbunscileanna físeáin (Video) a eagrú i gceantar Charna. Bheadh dhá dheireadh seachtaine i gceist. Idir £15 agus £25 a chosnódh an cúrsa iomlán – ag braith ar a bhfuil tú ag obair nó nach bhfuil.

Bhéifí ag tosnú an chúrsa luath go maith san athbhliain dá mbeadh fáil ar dóthain daoine. D'fhéadfaí glacadh le 8-10.

Glaoigh ar oifig Chomhairle Pobail Iorras Aithneach: 095-32587.

### Cúrsaí agus cabhair ó Phléaráca

*Cabhair do dhaoine fásta nach bhfuil go maith ag scríobh nó ag léamh*

Tá Pléaráca ag iarraidh cúrsa oiliúna a reachtáil do dhaoine a thabharfadh cabhair do dhaoine fásta nach bhfuil an-phaiteanta ag scríobh nó ag léamh. Dhá uair déag an chloig uile a bheadh i gceist. Bheadh Pléaráca ag eagrú an chúrsa seo i gcomhar leis an **National Adult Literacy Agency**.

Más spéis leat an cúrsa, glaoigh ar Phléaráca: 091-574346.

Is féidir le duine ar bith atá imníoch faoina chumas scríobh nó léamh glaoch faoi rún a chur ar oifig atá ag an **National Adult Literacy Agency** i Maigh Cuilinn: 091-85877.

### Grianghrafadóireacht

Chuirfeadh oifig an Phléaráca cúrsa grianghrafadóireachta ar fáil amach san Earrach dá mbeadh glaoch air sin. Glaoigh ar oifig an Phléaráca i Ros Muc.

### Córas Fuaime

Tá córas fuaime ag Pléaráca i Ros Muc a chuirtear ar fáil do ghrúpaí agus d'imeachtaí pobail ar tháille £30. Cuirtar duine amach a dhéanfaidh láimhsiú ar an gcóras ar an táille sin.

Uimhir teileafóin oifig an Phléaráca: 091-574346.

### Ceardlanna an Phléaráca

**Scríbhneoireacht Chruthaíoch** *le Máire Holmes*

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain: | Ros Muc | 10-12 a.m. |
| | Cill Chiaráin | 2-4 p.m. |

**Péintéireacht** *le Gwen Uí Ghaora*

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain: | Ros Muc | 7-9 p.m. |
| Déardaoin: | Cill Chiaráin | 7-9 p.m. |

**Obair phíosála agus cuilteáil** *le Eibhlín Geoghegan*

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain: | Cill Chiaráin | 7.30-9.30 p.m. |

**Obair phíosála agus cuilteáil** *le Meta Uí Mháille*

| | | |
|---|---|---|
| Dé Céadaoin: | Ros Muc | 7.30-9.30 p.m. |

**Cócaireacht "gourmet"** *le Meta Uí Mháille*

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain: | Ionad Pobail Chamais | 7.30-9.30 p.m. |

**Bunscileanna Físeáin** *le Trevor Ó Clochartaigh*


| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain: | Ros a'Mhíl | 7.30-9.30 p.m. |

**Cúrsa Ríomhaireachta**

| | | |
|---|---|---|
| Déardaoin: | Gairmscoil na bPiarsach | 7-9 p.m. |

Beidh muid ag leanacht ar aghaidh leis na ceardlanna thuasluaite tar éis na Nollag agus beidh ceardlanna breise ar nós grianghrafadóireacht, físeáin agus drámaíocht á gcur ar fáil i gceantair eile.

Tá fúinn Geamaireacht eile a chur ar an stáitse go luath sa mbliain nua.



# Áras Mháirtín Uí Chadhain

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-595101/595038. Facs: 091-595041

Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta ó Bhearna go Carna.
Cúnamh i labhairt na teanga don chlann gan Ghaeilge.
Dianchúrsaí i Labhairt na Gaeilge do Dhaoine Fásta.
Pacáiste Féin-Teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge.
Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge
Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs
Seomraí ar fáil do choistí.

# Seán ó Dubhda

TÓGÁLAÍ TÍ

**Carna. Fón/Facs: 095-32247**

*Comhghairdeachas as an Iris ó*

# BÁICÉIRÍ WALSHS

Sr. an Mhargaidh, An Clochán

**Ag freastal go laethúil ar do cheantar**

Fón: 095-21283 / 21041. Facs: 095-21996

# IMEACHTAÍ ÓN AIRD MHÓIR

*Carol Ní Ghionnáin*

**Comórtas Sacair**

D'eagraigh Bord Bainistíochta scoil na hAirde Móire comórtas Sacair den tríú bliain ar pháirc Charna ar an 6/8/'95. Bhí an-lá ar fad againn, agus den chéad uair ó thosaigh muid ag reachtáil an chomórtais seo, bhí an aimsir thar barr. Ghlac sé fhoireann déag páirt sa gcomórtas. Chomh maith leis na foirne áitiúla, bhí foirne as an gCaiseal, as an Spidéal agus as Cloch na Rón ann freisin. Ba iad foireann Inis Bó Finne a bhuaigh an comórtas ag deireadh an lae, tar éis an-choimhlint idir iad fhéin agus Cloch na Rón. Bhí muintir Inis Bó Finne breá sásta leo fhéin ag glacadh le trófaí Éisc Iathghlas Teo. Bronnadh trófaí Joe Madden ar Shárpheileadóir an lae, ba é sin Henry Lavelle. Is ag feabhsú atá an comórtas seo agus tá súil againn go leanfaidh sé mar sin.

**Club Óige na hAirde Móire**

Tá Club Óige á reachtáil arís i mbliana san Aird Mhóir. Club Ógrais atá i gceist. Bíonn an Club ar siúl i Scoil na hAirde Móire chuile Dé hAoine ón 5-7 a chlog tráthnóna. Siad Máire Áine Ní Neachtain agus Ann Marie Ní Fhlatharta a ritheann an Club agus bíonn beirt thuismitheoirí leo. Tá chuile dhuine an-bhuíoch de na cailíní seo as an obair iontach atá ar siúl acu.

Ghlac an Club páirt i gcomórtais a bhí i gCamas i mí na Samhna i mbliana. Comórtais idir clubanna a bhí i gceist. Siad Club na hAirde Móire a bhuaigh an comórtas peile faoi dhíon agus bhí siad breá sásta leo féin. Tá 21 gasúr ag freastal ar an gClub i mbliana agus is ag feabhsú atá sé.

**An Taibhdhearc**

Ar an 7ú lá de mhí na Márta, ghlac rang a haon agus rang a dó (rang a 2 agus a 3 anois) páirt i bhféile ceoldrámaíochta a bhí in Amharclann na Taibhdhearca i nGaillimh.

Sén ceoldráma "An Gruagach ó Oz" (*The Wizard of Oz*) a chum na gasúir agus an mháistreás a chuir siad ar an stáitse.

D'éirigh go breá leis na haisteoirí agus leis na ceoltóirí óga seo agus bhuaigh siad duais don scoil nua ab fhearr sa gcomórtas. Fuair an rang sciath de bharr a n-iarrachtaí.

# SEANAINMNEACHA ÁITIÚLA

*Bríd Ní Chuinneagáin*

An samhradh seo caite bhí mé ar dhuine de na mic léinn a ghlac páirt i Scéim Fostaíochta do mhic léinn tríú leibhéal. Rinne mé roinnt taighde ar logainmneacha i gceantair Ghlinnsce, Ghabhla agus an Chnoic Bhuí. Chuir mé an-spéis sa taighde seo mar cé gur rugadh agus gur tógadh sa gceantar mé, is beag eolais a bhí agam ar ainmneacha na ngarrantaí, na sruthán, na gcarraigeacha agus na sean-fhothracha a bhí imo thimpeall.

**Sliocht samplach as an taighde**

Tá oileán na Carraige Glé ar cheann de na hoileáin atá suite amach ó bhaile Ghlinnsce i gCuan na Beirtrí Buí. Tugtar Bealach na Carraige ar an bpíosa caol farraige atá idir an charraig seo agus íochtar na talúna ag an Ruisín Dóite. Téann an charraig seo faoi ar thaoille ard. Tá roinnt mhaith carraigeacha beaga suite ar an taobh thoir de Chuan na Beirtrí Buí, mar shampla Carraig Úna amach ó Chéibh Thamhnach Mháire, Carraig na mBan amach uaidh tigh Sonny Sheáin Rua i gCaladh an Chnoic agus Corr-Oileán Dorán taobh thoir dhe sin arís. Bhíodh marcanna socraithe ag bádóirí ar an Sruthar Mór agus ar an Sruthar Beag timpeall na gcarraigeacha seo le iad a chosaint ar na carraigeacha géara a bhíodh amannta faoi uisce.

Cé go raibh an togra seo spéisiúil bhí sé an-deacair logainmneacha a aimsiú mar gur beag duine a bhí sa gceantar a raibh an t-eolas acu. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug a gcuid ama agus a gcuid eolais dom agus tá súil agam go leanfar ar aghaidh leis an obair amach anseo.



Ar stáitse na Taibhdhearca – Gasúir scoile na hAirde Móire, 1995.

# RÁSAÍ NEW ORLEANS


*Siad Michael Loftus, Réamon Ó Súilleabháin agus Seán Ó Ceallaigh a bhuaigh Craobh New Orleans sna rásaí curachaí i gConamara agus in Árainn i mbliana. Ag Féile Mhic Dara a bhíodh an comórtas seo go dtí seo ach ritheadh ar chóras pointí é ar fud Chonamara agus in Árainn i mbliana. Níor chuir an turas fada go New Orleans aon bhlas as dóibh.*

*Seo mar a foilsíodh cuid de na príomh-thorthaí ag Féile na Náisiún Ceilteach i New Orleans tráthnóna Dé Domhnaigh, an 29ú Deireadh Fómhair, 1995.*

Celtic Nations Heritage Festival of Louisiana

## 1995 Currach Regatta

### Sunday, October 29, 1995
### Finals and Trophies




#### 2-Men, 1-Woman Final Results

| | | |
|---|---|---|
| 1st Place (11:31) | Ireland | Mike Loftus/Reamann Sullivan/Bernadine Torrey |
| 2nd Place | Albany | Bill Frank/Bob Manda/Carol Rivers |
| 3rd Place | Boston | Tomas Folan/Anthony Malone/Donna Dresser |

#### 2-Men Final Results

| | | |
|---|---|---|
| 1st Place (11:31) | Ireland | Mike Loftus/Sean Kelly |
| 2nd Place (12:05) | Boston | Colum Coyne/Sean McDonagh |
| 3rd Place (13:32) | New Orleans | Danny O'Flaherty/Johnny O'Flaherty |
| 4th Place (13:53) | Albany | Tom Collins, Sr./Tom Collins, Jr. |

#### 3-Women Final Results

| | | |
|---|---|---|
| 1st Place (4:36) | Albany | Carol Rivers/Bernadine Torrey/Donna Dresser |

#### 3-Men Final Results

| | | |
|---|---|---|
| 1st Place (26:55) | Ireland | Mike Loftus/Sean Kelly/Reamann Sullivan |
| 2nd Place (27:12) | Boston | Colum Coyne/Tomas Folan/Sean McDonagh |
| 3rd Place (28:48) | Albany | Bob Manda/Bill Frank/Tom Collins, Sr. |
| 4th Place (30:46) | Annapolis | Greg Baldwin/Ed Hester/Tom Collins, Jr. |

Daniel J. O'Flaherty · President
514 Toulouse Street · New Orleans, Louisiana · 70130
(504) 529-1317

Sponsored by **Hibernia National Bank**

# Turas Bhanscríbhneoirí Ros Muc ar Bhoston

Meta Uí Mháille

*Ar an 11ú Deireadh Fómhair a thug Banscríbhneoirí Ros Muc, Máire Seoige, Máire Uí Chonaola, Máirín Uí Dhubhda, mé fhéin, Meta Uí Mháille agus ár dteagascóir Máire Holmes, aghaidh ar Bhoston le filíocht a léamh in Ollscoil Harvard, agus sa Druid i gCambridge.*

Is grúpa ban muid atá ag freastal ar cheardlann scríbhneoireacht chruthaíoch a chuireann Pléaráca Teo. ar fáil faoi stiúir Mháire Holmes. San Earrach seo caite a tháinig an cuireadh ó Willie Mahon, ollamh le Gaeilge i Harvard, agus ó Sheán Ó Flatharta, An Druid. Is as Camas athair Sheáin.

Ó bhí an leabhar "Idir Mná" á cur i gcló agus le láinseáil i rith Fhéile Phléaráca Chonamara, bheartaigh muid gan a ghabhail anonn go dtí ina dhiaidh sin ionas go mbeadh muid in ann cóipeanna den leabhar a thabhairt linn.

Oíche Dé Luain 16ú a bhí socraithe le haghaidh an Druid agus is maith neirbhíseach a bhí muid nuair a chonaic muid an slua mór a bhí i láthair, agus nuair a chuala muid go dtáinig siad le filíocht as Gaeilge a chloisteáil. Bhí lucht teilifíse ón gclár "Ireland on the Move" i láthair. Chomh maith le filíocht a léamh, chas muid cúpla amhrán agus rinne Máire Holmes agallamh. Chuaigh an clár seo amach ar an Aoine, an 20ú lá.

Tráthnóna Dé Máirt, an 17ú, a bhí muid ag léamh i Harvard. Bhí grúpa mór mic léinn anseo as chuile áit den domhan atá ag déanamh staidéir ar Ghaeilge chomh maith le teangachaí eile. Chuir sé iontas orm nach raibh aon duine de bhunadh Éireannach ina measc.

Sí Barbara Hellier a bhí ina bean an tí, Gearmánach a bhfuil Gaeilge bhreá aici. Bhí sise sa Druid freisin an oíche romhe sin. Bhain chuile dhuine an-sásamh as an tráthnóna i Harvard. Chomh maith le filíocht léigh muid píosaí as an leabhar. Ina dhiaidh sin tugadh ar thuras spéisiúil timpeall na hOllscoile muid.

D'fhan muid uilig le cairde agus le gaolta, agus tá muid an-bhuíoch go deo de chuile dhuine, faoin bhfáilte a chuir siad romhainn agus faoin gcaoi ar chaith siad linn. Bhí mise, Máire Holmes agus Kathleen (cara liom a bhfuil cónaí uirthi anois i Londain) ag fanacht le Bridie agus le Pat Murphy i West Roxbury. As Snámh Bó, Ros Muc, í Bridie. Tá cónaí uirthi le fada i mBoston.

Oíche Dé Sathairn bhí muid sna Twelve Bens i Dorchester Ave. Diabhal duine a d'fhág Conamara ariamh nach anseo a bhí, agus gan tada le cloisteáil ach Gaeilge. Bhí muid i J.J.'s i Dorchester Dé Domhnaigh. Bhí cuid mhaith as Conamara agus as Ros Muc anseo freisin, agus ba deas a bheith in ann suí síos agus píosa den lá a chaitheamh ag caint leis an laoch mór sin a'inn féin, John Phateen Tom nó Seán Ó Mainnín. Is cuma cá mbeidh sé is i Ros Muc atá a chroí.

Oíche Dé Domhnaigh bhí muid i Deeney agus Ó Malley i South Boston, áit ar chuir Peter Joe Pheadair as Ros Muc agus lad óg as Carna, Mark Ó Guairim atá ag obair dhó, fáilte fhial fhlaithiúil romhainn.



**Ag seoladh**

*Meta Uí Mháille agus a cara, Cathleen Conneely-Griffin, ar thuras báid amach an cuan. Cathair Bhoston siar uathu.*

Bhí muid saor ó oíche Dé Máirt lena rogha rud a dhéanamh. Chuaigh mé fhéin, Máire Holmes agus Kathleen ar thuras eagraithe timpeall Bhoston agus timpeall an chuain ar bhád. Chuaigh Máire Seoige agus Máire Uí Chonaola go Nantucket le gaolta. Bhí go leor ar siúl ag Máirín Uí Dhubhda i Fitzburg, an áit a raibh sí ag cur fúithi le cara léi.

Bhí ar Mháire Holmes a ghabhail go Buffalo. Chuaigh mé fhéin agus Kathleen go New York ar an traein. Turas an-spéisiúil bhí ann. Bhí an taobh tíre fíorálainn agus dá bhfeicfeá na dathanna a bhí ar dhuilliúr na gcrann. Thóig an turas thart ar chúig huaire a chloig ach b'fhiú é. Chaith muid an deireadh seachtaine sul má d'fhág muid Boston le gaolta agus le cairde i gCape Cod agus bhí an-oíche san Irish Village ansin.

Rud amháin a chuir as dhom an t-uaigneas atá ar dhaoine i ndiaidh an bhaile, go mór mór an dream óg. Cinnte níl an saol chomh maith ann agus a thugtar le tuiscint dhúinne. Tá sé thar am eolas cruinn a bheith ar fáil anseo ag baile ag na daoine óga atá ag dul amach ar Mhorrison Visas. Mar a dúirt cuid mhaith acu liom níl aon ór le fáil ar na sráideanna i mBoston.

**Glóir Charna**

Moladh agus glóir do Dhia ár n-athair
D'aiséirigh a Mhac i lár an Earraigh
Le bheith linn i gcónaí ar an aistear
Tagaimis go humal go dtí a theampall.


Glóir don Athair don Mhac 's don Aon-Spiorad
Thug dúinn misneach is muid i ngéibheann
Muire máthair, is í ár gcara
Sna naoimh uile dár díobh Macdara.

Curfá:
Seinnimis ceol agus casaimis dán
Ardaímis ár gcroí aníos ón ngleann
Seasaimis thuas ar bharr an aird
Le buíochas is mórtas bíodh muid lán.

Beannacht ó Dhia ar phobal Charna
Idir shean agus óg sa mbaile 's i gcéin
Síocháin síoraí do na mairbh
Atá imithe uainne anois faoin gcré.

Ár sinsir 'thug dúinn ár ndúchas is ár dteanga
Go foighdeach 's go grámhar ar leac an teallaigh
Orthu go léir go gcuire Sé a bheanancht
'Siad a chuir an síol as a bhfuil muid ag eascairt.

*Máirín Uí Dhubhda*




**South Boston**
*Marcas Ó Guairim as Ruisín na Mainíoch ar chlé agus Peadar Ó Máille as Ros Muc, duine d'úinéirí theach ósta Deeney/O'Malley's i South Boston. Tá Marcas ag obair sa teach ósta. Le gairid a tógadh an pictiúr seo.*



**Comharthaí liteartha i mBoston**
*Máirín Uí Dhubhda as Carna ar chlé agus Máire Seoige as Ros Muc ar dheis sa bpictiúr seo. Sí Máire Uí Chonaola as Ros Muc an dara duine ó dheis agus a deirfiúr, Annie, ina cuideachta.*

# ANONN AGUS ANALL I MEIRICEÁ



**Cohasset, Massachussetts**

*Seo í an Chrois Cheilteach i Central Cemetery i mbaile Cohasset ar chósta Mhassachussetts i gcuimhne ar chúigear agus dá fhichead imirceach as iarthar na hÉireann a báitheadh nuair a chuir stoirm mhór an Brig St. John, bád a d'fhág Gaillimh, ar na carraigreacha in aice láthair ar an 7ú Deireadh Fómhair, 1849. Toona Ó Conghaile as an Teach Mór i Leitir Mealláin a rinne an Brig St. John. Níl aon tuairisc againn go raibh aon nduine as ceantar Chill Chiaráin ná as Carna ar bord ach bhí roinnt daoine as Leitir Mealláin ar an aistir thragóideach. Tá amhrán cumtha ag Ciarán Ó Fátharta (Raidió na Gaeltachta) faoin mbád agus faoin tragóid agus casann Máirtín Tom Sheáinín an t-amhrán. "An Brig St. John" an teideal atá ar an amhrán.*



**Boston**

*Ambasadóir Mheiriceá chuig an Vatacáin, Ray Flynn. Bhí sé ina Mhéara ar Bhoston agus ina Chathaoirleach ar Chomhdháil Mhéaracha chathracha Mheiriceá nuair a tógadh an pictiúr seo i mBoston cúpla bliain ó shin. Tá ceangal láidir ag Ray Flynn le Conamara agus le Contae na Gaillimhe. Sí Susan Uí Chatháin atá in éindigh leis sa bpictiúr seo.*




**Atlanta, Georgia**

*Beidh súilí an domhain ar Atlanta, Georgia, an samhradh seo chugainn ach a mbeidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl ansin. Seo pictiúr a tógadh tuairim's 12 míle ó cheartlár chathair Atlanta. Seo é "Connemara Road" agus seo é an comhartha ag ceann an bhóthair. Níl aon tuairisc iomlán againn ar an gcúis ar tugadh "Connemara Road" ar an mbóthar seo ach is cosúil go raibh lucht tógála ón taobh seo den Atlantach ag obair sna bólaí sin i bhfad siar sna blianta.*

*Is díol spéise é an t-ainm sin a bheith ar bhóthar i gcathair atá chomh fada sin ó dheas i Meiriceá. Dála an scéil, is daoine an-tsaibhir atá ina gcónaí ar "Connemara Road"!*

# Siopa Bia
# Mícheál agus Tina Moylan

An Aird Mhóir

**Búistéara • Nuachtáin • Earraí Tí**

**Gual/Brícíní Móna • Calor Kosangas**

**Beatha Beithíoch**

*Tugann muid earraí go dtí an teach*

**Fón: 095-33542**

# An Biúró Gnó

**TREASA DUNDASS**

Coill Sáile, Cill Chiaráin
Teil 7 Facs: 095-33457

Próiseáil Focal • Bainistíocht
Sonraí Cuntais
Facs • Comhfhreagras • Fótachóipeáil

# Ionad Oidhreachta Dan O'Hara

**1992 – Duais Náisiúnta – Small farm Enterprise Award**
**1994 – Duais Náisiúnta – A.I.B. Agri-Tourism Award**

- Teachaín Dan O'Hara agus feilm mar a bhí in 1845.
- Crannóg (1500 B.C.) Dolmán (1500 B.C.) agus Leac uaigh 5,000 bliain d'aois
- Nua i mbliana – Seomra Staire, seandeiseanna oibre agus seomra scannán
- Beidh seomra allais agus fualacht fia ann freisin.

***Ar oscailt 1 Aibreán – 30 Deireadh Fómhair 10 a.m. - 6 p.m. chuile lá***

**Leitir Seath, An Clochán, Co. na Gaillimhe. Guthán 095-21246/21808. Facs: 095-21246.**

*Fáil ar sheirbhís trí Ghaeilge*

## Comhnascadh na mBailte Carna agus Noyal-Pontivy

*Caitríona Uí Cheoinín*

Tá an comhnascadh seo, a bunaíodh i 1992, ag dul ar aghaidh go maith.

I mí Iúil 1994 tháinig thart ar sheacht nduine dhéag ó Noyal go Carna agus fuair siad céad míle fáilte ann. Bhí turasanna eagraithe dhóibh go hIonad Eachtraíochta Cheapach na gCapall, in aice le Corr na Móna, go hInis Bó Finne, go dtí Páirc Náisiúnta Chonamara agus go leor áiteachaí eile. Bhain siad an-taitneamh go deo as an saoire a chaith siad i gConamara agus thug siad an-chuntas faoi sna nuachtáin thall.

I mbliana chuaigh aon nduine dhéag scoláirí ó cheantar Charna go Noyal. Bhí fáilte oifigiúil rompu ón Méara agus béile curtha ar fáil ag an gCoiste láidir atá ar bun i Noyal. Bhí bratach na hÉireann agus taispeántas de phictiúirí agus d'earraí Chonamara i ngach aon siopa.

Thug siad cuairt ar an Mont St. Michel, ar "Safari Park" agus chonaic na daoine óga an ceiliúradh a bhíonn sa bhFrainc don fhéile náisiúnta, ar an 14ú Iúil.

Tá dream ag tíocht anseo as Noyal ar an 13ú Aibreáin. Má tá suim ag éinne glacadh le cuairteoir agus ansin filleadh ar an mBriotáin in am do chuairt an Phápa, ar an 26ú Meán Fómhair, déanfar socruithe dhóibh. Costais taistil amháin a bhéas i gceist.

Eolas ó 095-32272 ag an deireadh seachtaine.

## Coiste Turasóireachta Chill Chiaráin

*le Eithne Mhic Dhonnchadha*

Táimid ag teacht gar do dheireadh na bliana anois agus ag tnúth go mór go dtiocfaidh borradh agus fás ar ár gcuid oibre sa mbliain nua. Mar is eol díbh anois sé aidhm an choiste seo ná go mbeidh áiseanna agus deiseanna ar fáil sa cheantar do mhuintir na háite chomh maith le cuairteoirí ar mian leo saoire a chaitheamh linn. Nuair a thosnaíomar bhreathnaíomar ar na láidreachtaí atá againn, mar an timpeallacht álainn idir tránna breátha, cnoic agus farraige, chomh maith leis na laigeachtaí – easpa margaíochta, easpa áiseanna mar bhialanna agus fiú tithe lóistín, creid é nó ná creid! Ní hé aidhm an choiste seo go mbeidh an áit plódaithe le turasóirí ach go mbeidh an méid atá ag teacht ag baint sult as a saoire agus ag iarraidh teacht ar ais agus go mbeidh muintir an cheantair atá ag plé le gnéithe éagsúla den tionscal ag baint tairbhe as an infheistíocht atá déanta acu.

Ón suirbhé a rinne an Oifig Eolais i mbliana tá na turasóirí atá ag teacht breá sásta ach bíonn siad ag lorg rudaí mar shiúlóidí eagraithe agus turasannaí farraige agus is rudaí iad seo a chuirfeadh go mór leis an áit.

Faoi láthair tá cúrsa traenála á reachtáil ag Áras Uí Chadhain san Ionad Pobail i gCill Chiaráin. Cúrsa é seo a bhfuil béim láidir ann ar stair agus ar oidhreacht na háite chomh maith le forbairt a dhéanamh ar thionscal na turasóireachta. Clúdaíonn an cúrsa ábhair mar Fraincís, margaíocht, cócaireacht, cúram custaiméirí, cumarsáid, cúrsaí sláinte agus go leor eile. Tá naoi nduine dhéag ar fad páirteach ann agus rithfidh sé go tús an Mhárta. Tá an cúrsa féin urraithe ag FÁS agus beidh teastas san Irish Home Hospitality le fáil ó CERT. Is breá leis an gcoiste go bhfuil a leithéid ar siúl san áit agus go dtiocfaidh cúrsaí eile amach anseo.

Ba mhaith leis an gcoiste turasóireachta buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a líon isteach na ceistneoirí faoin bpáirc "cur agus caitheamh" mar is ó na ceistneoirí seo is féidir linn freastal níos fearr a dhéanamh ar mhuintir na háite agus ar na riachtanais atá acu ó thaobh caitheamh aimsire, srl. Is cosúil ó na ceistneoirí go bhfuil géarghá le háiseanna difriúla agus déanfaimid ár seacht ndícheall lena chinntiú go mbeidh siad ar fáil.

D'éirigh thar barr leis an oíche chinnbhliana a bhí eagraithe againn anuraidh agus, le cúnamh Dé, beidh oíche mhór eile againn i mbliana. Beidh na ticéid amuigh go luath má tá sibh ag iarraidh ceann a chur in áirithe.

Arís má tá suim agat a theacht chun cainte linn nó plé a dhéanamh faoi rud ar bith ba mhaith leat a fheiceáil san áit ba bhreá linn scéala a fháil uait.

Gach beannacht ón gcoiste. 095-33522.


# Tigh Mhóráin

Carna

**TEACH ÓSTA AGUS SIOPA**

Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig an bpobal uile.

Teileafón: 095-32244/32763

# Moill ar fhorbairt na Gairmscoile

I ndeireadh Mheán Fómhair 1994 a d'fhógair Leasuachtarán Choláiste na hOllscoile, Gaillimh Gearóid Ó Tuathaigh go raibh rún ag an Ollscoil forbairt a dhéanamh ar an tsean-Ghairmscoil i gCarna. Ionad Oideachais agus Cultúir a bhí le cur inti a dúirt an tOllamh Ó Tuathaigh. Dheimhnigh an tOllamh Ó Tuathaigh in agallamh in earrach 1995 go mbeadh an fhorbairt ag dul ar aghaidh.

Tá an Chomhairle Pobail roinnt díomuach nach bhfuil aon bhlas feiceálach tarlaithe fós.

Tuigtear dúinn go dteastaíonn cúnamh ón Roinn Ealaíona, Cultúir agus Gaeltachta agus tá sin meabhraithe againn don roinn le gairid.


Tá sé deimhnithe ag UCG arís go mbeidh an fhorbairt ag dul ar aghaidh agus gur ar oiliúint i gcúrsaí na mara a bhéas an bhéim ar dtús.

Sé Peadar Mac an Iomaire atá i gceannas ar an tionscnamh agus is údar mór dóchais dúinn é sin. Tá an fhorbairt atá déanta ar Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua ag Peadar molta i bhfad agus i ngearr.




**Ionad Oideachais agus Cultúir**

*Pictiúr den tsean-Ghairmscoil i gCarna a tógadh le gairid. Tá sé fógraithe ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, go bhfuil Ionad Oideachais agus Cultúir le forbairt inti.*



*Delia Bean Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Deiscirt agus an Ceannfort Maitias Mac Donnchadha ag bainis iníon Mhaitias, Caitríona.*




**Dochtúr Peile**

*An Dochtúr John Kilraine a bhíonn's in éineacht leis an Dochtúr Micheál Ó Cathasaigh i gCarna. D'imir sé sna cúil do Ghaillimh in aghaidh Thír Eoghain i gcluiche leath-cheannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh i mí Lúnasa seo caite.*



**Ceangal trans-Atlantach**

*Ag an ócáid i gCarna ag ar pléadh caomhnú agu forbairt na ngliomach: ó chlé – Ronan Browne as Taighde Mara Teo., David Dow, saineolaí ar ghliomaigh as Maine i Meiriceá agus Seosamh Ó Cuaig a chuaigh go Maine agus a bhí páirteach sna hiarrachtaí le aird a tharraingt ar cheist na ngliomach ar an gcósta seo.*



**Ag an gcruinniú eolais**

*Therese Maddock, rúnaí Chumann Ghliomadóirí na hÉireann agus Willie Fitzpatrick as Carna.*


# TIGH MHEAIC

**Teach Tábhairne agus Brú**

*Ionad Cultúrtha*
*Eachtraíochta*
*Caitheamh Aimsire*

*Suite ar bhruach na farraige faoi bhun an tsléibhe, tránna áille, ciúineas, síochán*

**Fón: 095-32240**

# An aimsir a caitheadh




*Daltaí Scoil Mhuighrois san aimsir a caitheadh.*



**Fir Oibre**

*I 1942 nó 1943 a tógadh an pictiúr seo ar an tsráid san áit a bhfuil Tigh Leavy ar an Aird Mhóir anois. Tigh Alfred J. O'Shaughnessy a bhí ann san am sin. Sa bpictiúr seo (ó chlé) tá: Séamas Ó Ceannabháin, Caoimhín (Eoin) Ó Neachtain, Joe Beag Ó Donnchú, Pádraig Breathnach (Pat Thomáis Cheaite) agus Joe Monaghan. Ba é Joe Monaghan tiománaí an leoraí atá ar an tsráid. Chaith sé blianta ag tiomáint bus Charna go Gaillimh.*

*Ceapann Michael Phat Thomáis, a thug dúinn an pictiúr, gur ar bhóthar Áill na Méaracán a bhí fir seo na hAirde Móire ag obair.*




**Saol eile**
Gasúir scoile na hAirde Móire san aimsir a caitheadh.



**Gasúir i gCarna**
*Pictiúr eile as seanleabhrán cártaí poist Charna. Gasúir ag dul chuig an Scoil Náisiúnta i gCarna. Tabhair faoi deara na fóid mhóna faoina n-ascaill acu.*



**Val an Droichid**

*Val Ó Caodhna, nó Val an Droichid as Gabhla. Tógadh an pictiúr seo i 1945. Bhásaigh Val an Droichid i mí Dheireadh Fómhair an bhliain sin. Bhí sé 99 bliain d'aois, rud a d'fhág gur rugadh é in 1846 – aimsir an Ghorta Mhóir.*


*Tá Máire Bairbre Ní Chadhain, iníon le Pakie Ó Cadhain (b'shin mac le iníon Val) ina ghabhail anseo aige. Sa mBreatain Bheag atá cónaí uirthi anois.*

*Tugadh Val an Droichid ar Val Ó Caodhna mar gur sa teach atá buailte ar an droichead i nGabhla a bhí cónaí air. B'iontach an teach comhluadair a bhí ann agus bhí aithne ar Val ar fud an phobail san aimsir a caitheadh.*



**Iníon Val an Droichid**

*Seo pictiúr de Bhridget Ó Leary, nó Bríd Ní Chaonaigh as Gabhla, iníon le Val an Droichid. Tógadh an pictiúr seo i Framingham i Massachussetts i 1989 nuair a bhí Bríd 99 bliain d'aois í féin. Mhair sise go raibh sí 102 bliain d'aois. Ba aintín í Bríd do Mhícheál Ó Cadhain i nGabhla agus do Tom Anthony i nGlinnsce.*



**Saighdiúr agus Máirnéalach**

*Seo pictiúr de Joe Cheaite – Joe Ó Donnchú – as an Aird Mhóir a chonaic aimsir mhór i gCabhlach Mheiriceá sa gCéad Chogadh Mór, 1914-1918. Bhí Joe páirteach freisin i nglanadh mianaigh (mines) agus sheol sé farraigí an domhain ina mháirnéalach.*

*Chaith sé an chuid eile dá shaol go suaimhneach ar an Aird Mhóir.*


*Ba é Joe Cheaite athair Phat Mháire Val.*



**Bainis i mBoston**

*Tógadh an pictiúr seo i mBoston os cionn 70 bliain ó shin. Siad Delia Mharcaisín (Delia Ní Chualáin) agus Pádraig Mhorgain Ó Maoilchiaráin as Ruisín na Mainíoch an lánúin nua-phósta. Tá Áine Ní Chuirrín as an Aird Mhóir ar chlé agus sé deartháir Phádraig, Marcas Mhorgáin Ó Maoilchiaráin, atá ar dheis.*

*Tháinig Delia agus Pádraig abhaile ar feadh dhá bhliain ach d'fhill siad ar na Státaí arist, áit ar chaith siad a saol. Beirt chlainne a bhí acu – mac agus iníon.*




**Óstán Mhongáin**

*Seo pictiúr d'Óstán Mhongáin i gCarna in ard a réime. Foilsíodh an pictiúr seo i leabhrán cártaí poist faoin teideal "Miniature View Souvenier of Carna, Connemara". Tá na pictiúir atá sa leabhrán seo ag dul i bhfad siar. Priondáileadh an leabhrán i Saxony agus sé J.W. Mongan (Josie Mongan), fear an Óstáin féin, a d'fhoilsigh é.*


# Muintearas

TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA

Leitir Móir, Gaillimh. Fón: 091-81145/81155/81300.
Facs: 81277

*Le tacaíocht ó*

Údarás na Gaeltachta

Coimisiún na gComhphobal Eorpach

An Roinn Oideachais

An Crannchur Náisiúnta

**Ar Son Óige na Gaeltachta**

*Ag obair i gCorca Dhuibhne,*
*i gConamara, i Maigh Eo,*
*i dTír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta*

# Lámh chúnta do phríosúnaigh na Nigéire

**Cuireadh deichniúr príosúnach chun báis sa Nigéir ar an 10ú lá de Shamhain i mbliana. Tharraing an eachtra seo go leor tíortha ar fud an domhain sa mullach ar an Nigéir.**

**Meastar suas le 120 milliún duine a bheith sa Nigéir – an tír is mó daonra san Afraic. Tá an tArm i gceannas ar an tír.**

**Misinéara é an *tAthair Padraig Ó Niaidh* as Caladh bhFuínnse, Carna atá ag obair in Enugu sa Nigéir. Seo cuntas an-spéisiúil a tháinig chugainn uaidh ar an gcúnamh a thugann seisean agus a chomhleacaithe do phríosúnaigh. Bhí an píosa seo scríofa sular cuireadh an deichniúr chun báis.**

Ó tharla nach bhfuil mórán daoine againn, ní hé an oiread sin oibre atá muid in ann a dhéanamh do na príosúnaigh seo a bhfuil dearmad déanta ag chuile dhuine orthu. Sé an chéad rud a dtabharfá suntas dó ag teacht gar don phríosún ná an boladh breán, lofa. San áit a mbíonn siad ag obair ann, tá 1050 príosúnach agus gan acu ach buicéid stáin agus poill sa talamh mar sheirbhís séarachais. Ní bhíonn mórán uisce acu seo le n-ól ná le haghaidh iad féin a níochán. Bheadh trí scóir duine istigh i seomra beag amháin a bheadh tógtha le haghaidh ceathrar. Maidir le beatha, éadach, earraí leighis, srl., is ar éigin a d'fhéadfadh duine a rá go bhfuil siad ann.

■ Commonwealth takes action ■ EU punish

**Sanctions slapped on Nigeria**

## I ngéibheann go héagórach

Sé an rud is measa ar bith agus duine ag breathnú ar na príosúnaigh seo ná go bhfuil fhios agat go bhfuil os cionn leath acu neamhchiontach sna cúiseanna atá curtha ina leith. Níor tugadh an chuid is mó acu os comhair cúirte ariamh agus ní raibh deis acu iad féin a chosaint. Tá go leor acu istigh ansin agus níl fhios ag ceannasaí an phríosúin féin cén fáth a bhfuil siad ann! Tá leads óga atá 15 nó 16 de bhlianta istigh in éineacht le fir a bhí coinnithe sa bpríosún sin sular rugadh na déagóirí seo. Tá siad uile ag fanacht go bhfeicfidh siad an dtabharfadh duine eicínt cúis na n-aghaidh.

Cuireann muide béim ar an dream atá neamhchiontach a ligean saor, go mór mhór iad siúd atá i mbaol báis. Ní mórán atá muid a dhéanamh i dtaobh cúrsaí leighis, beatha, éadach agus mar sin de mar nach bhfuil an t-airgead ná an t-am againn le bheith ag déileáil leis na fadhbanna. Tá beagán dul chun cinn déanta againn, ina dhiaidh sin féin. Rinne muid féin agus na mic léinn atá againn anseo slabhraí concréide anuraidh agus le cúnamh na bpríosúnach, dhúin muid isteach na poill séarachais. Chuidigh sé seo le líon na ngalar a laghdú sa bpríosún. Tá os cionn dhá scór príosúnach scaoilte saor againn agus tá muid ag déileáil le céad eile.

## Spreagadh do na príosúnaigh

Sé an rud is tábhachtaí do na príosúnaigh ná go bhfuil muid ag cur suime iontu. Bhí siad ansin gan aon nduine ag breathnú orthu nó gur thosaigh muid ag tabhairt cuairteanna orthu. Anois, tá creideamh agus spiorad iontach acu agus iad uile ag iarraidh chuile ní a dhéanfadh an saol níos fearr dóibh féin agus a thabharfadh cúnamh dóibh cur suas leis an "ifreann" ina bhfuil siad ina gcónaí.

Tá an chuid is mó de cheannasaithe na bpríosúnach ag tabhairt chuile chúnamh dúinn ach níl a fhios an méid oibre atá fós le déanamh. Ach ní bheidh aon lagan ar ár n-iarrachtaí go deo.

Mar fhocal scoir, inseoidh mé dhíbh faoin mbéilí mór a réitigh muid do na príosúnaigh seo. Thóg sé trí lá agus trí oíche an bheatha a réiteach do 1050 duine. Bhí an bheatha is fearr a fuair siad ariamh acu agus an-spóirt agus an-scléip acu á ithe. Níor chosain sé ach £120 Éireannach! Dúirt duine de na príosúnaigh agus é ag glacadh buíochais: "ní bheidh an bheatha seo i bhfad inár mboilg, ach bhí muid ag fanacht lena leithide leis na blianta agus tugaim buíochas do Íosa Críost agus don dream a réitigh an béilí seo agus a chur suim sa gcás ina bhfuil muid ann. Beidh sé ina chomhartha dóchais againn."

£120 – is beag an lear é a rinne an oiread sin do chuimse daoine.



**Mórshiúl Eaglasta**

*Pictiúr de Mhórshiúl Eaglasta i gCarna san aimsir a caitheadh. Níl fhios againn cén bhliain í ach tá muid a' cheapadh gur thart ar an gClochar a tógadh an pictiúr.*


# Nioclás P. Ó Conchubhair Teo.

**Leitir Móir**

**Fón: 81114 (obair); 81102 (baile)**

SIOPA CRUA-EARRAÍ

Tá ábhar tithe le fáil anseo.
Tá gach saghas adhmaid an
Gach cineál péint ann.
Agus tearra le haghaidh báid.

# Nioclás Ó Conchubhair Teo.

- PLUIMÉIREACHT
- EARRAÍ TÓGÁLA
- LEICTREACH

# Thugamar féin an Samhraidh linn


*An Samhraidh ba bhreátha é le cuimhne na ndaoine.*



**Farraige agus spéartha gorma**
*Micheál Ó Cadhain ar Chuan na Beirtrí Buí.*



**Muinchillí fillte**
*Séamus Ó Catháin (Jimmy Soney Josie) as Gabhla ag bearradh caorach i dteaspach an tsamhraidh.*




**Samhraidh na hÓige**
*Ag sú na gréine ar thrá Chaladh bhFuinnse.*


# Adhmad Teo.

Casla

**KITCHEN UNITS**
•
**CÓFRAÍ**

Troscán do chineálacha eile


*Togha na hoibre*

**Casla, Conamara. ☎ 091-572290**




**Stáisiún Traenach an Chlocháin**

*60 Bliain ó shin a cuireadh deireadh leis an tseirbhís traenach idir an Clochán agus Gaillimh. Thosaigh an tseirbhís in 1895 agus chríochnaigh sí ar an gcéad lá de Bhealtaine, 1935.*



**Stáisiún Traenach Bhaile na hInse**

*Bhí go leor ceangail idir an pobail seo agus an stáisiún ar an Sraith Salach. Seo pictiúr de stáisiún eile a bhí gar do láthair. Stáisiún Bhaile na hInse. Is iomaí duine a deireann gurb é an peaca gur stopadh an tseirbhís agus gur baineadh aníos na ráillí. Ach cén chaoi a bhfeicfeadh an té a bhí ag breathnú chun cinn i 1935 na hathruithe dochreidte a tháinig ar an saol ó shin?*


Dhá shúil
Dhá chluas
Dhá láimh
Dhá chois...
Dhá theanga
Gan amhras!
Údarás na Gaeltachta